

# An Bord Cosanta Sibhialta

*Plean Straitéiseach go dtí 2007*

*An Chéad Phlean Straitéiseach de chuid an Bhoird um Chosaint Shibhialta*



# An Bord Cosanta Sibhialta

*Plean Straitéiseach go dtí 2007*

*An Chéad Phlean Straitéiseach de chuid an Bhoird um Chosaint Shibhialta*

# Clár

**RÉAMHFHOCAIL** 2-3

**2. RÉAMHRÁ**
- *Pleanáil Stratéiseach* 4
- *Ráiteas Misin* 5

**3. COSAINT SHIBHIALTA - CÚLRA**
- *Cúlra Cosanta Sibhialta* 6
- *Cláir Ghníomhaíochta Cosanta Sibhialta* 9
- *An Bord um Chosaint Shibhialta* 12
- *Eagrúchán agus Foireann* 13

**4. TIMPEALLACHT** 14
- *Anailís de réir Timpeallachtal* 19
- *Geallsealbhóirí* 22

**5. ACMHAINNÍ** 23

**6. MISEAN** 28
- *Ár bhFís* 29
- *Ár gCuid Luacha* 30
- *Spriocanna Straitéiseacha* 31

**7. CUR I BHFEIDHM AGUS MONATÓIREACHT** 32
- *Mórfhachtóirí Ratha* 33
- *Monatóireacht agus Athbhreithniú* 34
- *Gníomhaíochtaí* 35

**AGUISÍNÍ**

*Feidhmeanna an Bhoird um Chosaint Shibhialta* Aguisín 1

*Comhaltaí Bord agus Coistí Cosanta Sibhialta* Aguisín 2

*Struchtúr Cosanta Sibhialta* Aguisín 3

*Oifigigh Cosanta Sibhialta agus Oifigigh Chúnta Cosanta Sibhialta* Aguisín 4

# Réamhfhocal ón gCathaoirleach



Mar Chathaoirleach an Bhoird um Chosaint Shibhialta tugann sé ríméad dom an Chéad Phlean Straitéiseach seo de chuid an Bhoird don tréimhse go 2007 a chur i láthair. Níl sa Phlean seo ach an chéad chéim ar an mbealach chun Cosaint Shibhialta a nuachóiriú agus an eagraíocht a mhúnlú don am atá romhainn.

Bunaíodh an Bord ar ordú ón Aire Cosanta chomh gairid ó shin le Bealtaine 2003, nuair a ghlac an Bord cúram a bheith ag bainistiú agus ag forbairt eagraíochta na Cosanta Sibhialta ag leibhéal náisiúnta ón Roinn Cosanta. Tabharfaidh an t-aistriú seo, ó bheith mar pháirt de Roinn Rialtais go bheith ina Bhord Stáit neamhspleách, chomh maith le cinneadh an Rialtais ceannáras náisiúnta Cosanta Sibhialta a dhílárú go háitreabh nua i Ros Cré, Contae Thiobraid Árann, dúshlán mór don Bhord chun forbairt na heagraíocht ar feadh tréimhse an Phlean seo a threorú go rathúil.

Beidh comhoibriú gníomhach an Aire, an Rúnaí Ghinearálta agus na Roinne Cosanta thar a bheith tábhachtach má tá chun éirí leis an aistriú seo agus isteach don todhchaí, ag cuidiú linn an gaol oibre atá eadrainn faoi láthair a neartú.

Go deimhin má tá fúinn na spriocanna a chuir muid romhainn féin a bhaint amach le haghaidh thréimhse an Phlean, beidh orainn athrú dáiríre bunúsach sa bhealach ina ndéantar riarachán ar fhreagraí agus ar thacaíochta éigeandála na Cosanta Sibhialta agus ina ndéantar iad a sheachadadh ar mhaithe le pobail áitiúil agus leis an tír i gcoitinne. Chun go mbeidh athruithe mar sin ann iarraidh an Bord comhoibriú agus tacaíocht iomlán uathu siúd uile a bhfuil baint acu le Cosaint Shibhialta – is é sin, Coistí agus foireann an Bhoird; údaráis áitiúla – go mór mór Oifigigh Cosanta Sibhialta agus ar ndóigh na 6,000 de Shaorálaithe Cosanta Sibhialta ar fud na tíre, ag obair i gcomhar leo siúd sna pobail chosanta agus éigeandála i gcoitinne a n-oibríonn Cosaint Shibhialta leo gach lá.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an gcéad Bhord um Chosaint Shibhialta agus a chuid Coistí, foireann san am a caitheadh agus san am i láthair, Bainisteoirí agus Oifigigh Cosanta Sibhialta na n-údarás áitiúla agus na Saorálaithe ar fad a chuidigh agus a chabhraigh chun an Plean seo a chur i dtoll a chéile.

Mar Chathaoirleach tá mé ag tnúth le bheith ag obair libh ar fad chun a chinntiú go n-éiríonn linn an Plean go dtí 2007 agus ina dhiaidh a chur i bhfeidhm. Le chéile, bainfidh muid amach ár gcuspóir arbh é Cosaint Shibhialta a fhorbairt mar eagraíocht ar chaighdeán idirnáisiúnta é, le acmhainní mar is ceart agus atá comhtháite go hiomlán i socruithe phleanáil éigeandála agus a bhfuil a gcuid comhaltaí lán-cháilithe agus luach orthu dá réir laistigh den phobal.

**An tUas. Joe Meagher**

*Cathaoirleach*

# Réamhfhocal

## ón Stiúrthóir Ginearálta



Is é seo an chéad Phlean Straitéiseach a chuir an Bord um Chosaint Shibhialta le chéile. Thug ullmhú an Phlean seo an deis dúinn measúnacht chuimsitheach a dhéanamh faoin staid atá ann faoi láthair agus chun bunús a leagan le haghaidh forbairt pleananna maidir le treo na heagraíochta amach anseo.

Cuireadh an Plean seo i dtoll a chéile le comhoibriú agus tacaíocht na mball ar fad ar an gcéad Bhord um Chosaint Shibhialta agus na ballraíochta dá chuid Coistí. Bhain muid feidhm freisin as réimse leathan tuairimí de bharr comhairlithe a raibh baint ag an bhfoireann ag gach leibhéal leis, chomh maith leis an mballraíocht dheonach, Oifigigh Cosanta Sibhialta, Ranna Rialtais, Áisíneachtaí Stáit agus páirtithe sainleasa eile.

Tá an t-athrú ag dul ar aghaidh i gcónaí. Déanfar an Plean seo a athbhreithniú gach trí bhliain. Ní bheidh linn gan spéis agus tacaíocht uatha siúd ar fad a bhfuil baint acu le cúrsaí, le bainistíocht dhúthrachtach agus le treorú ón mBord.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann ar fad a rinne gach iarracht na tuairimí agus an chomhairle ar fad a fuarthas a thabhairt le chéile agus a d'oibrigh go dúthrachtach chun an cháipéis seo a chur le chéile.

**An tUas. Gerry Gervin**

*Stiúrthóir Ginearálta*

# Réamhrá



## *Pleanáil Straitéiseach*

Is é an Ráiteas Straitéise seo an chéad Phlean Straitéiseach de chuid an Bhoird um Chosaint Shibhialta, Údarás nua Stáit a bunaíodh i 2003. Cuireadh an Plean le chéile faoi réir na dtreoirlínte ginearálta a leagadh síos i dTionscnamh Bainistíochta Straitéisí (TBS) an Rialtais, a tugadh isteach i 1994 chun an earnáil phoiblí a nuachóiriú trí phróiseas leasaithe agus athnuachain.

Ceann de phríomhghnéithe TBS ná go gcuireann Ranna agus áisíneachtaí Rialtais Pleananna le chéile gach trí bhliain ina leagtar amach an bealach straitéiseach atá romhainn, ár spriocanna agus cuspóirí chun gur féidir linn aschurtha sainmhínithe gur féidir iad a thomhas a bhaint amach, agus san am céanna úsáid acmhainní chun seirbhísí de chuid na heagraíochta a sheachadadh don phobal a uasmhéadú.

Bunaíodh an chéad Bhord um Chosaint Shibhialta ar Ordú ón Aire Cosanta i mBealtaine 2003, tar éis don Acht Cosanta Sibhialta teacht ar an saol i 2002. Bhí an Acht mar chloch mhíle i stair na Cosanta Sibhialta sa mhéid is gur aistríodh an cúram le haghaidh bhainistiú agus fhorbairt na heagraíochta ag leibhéal náisiúnta ón Roinn Cosanta don Bhord.

Anuas air sin, ag éirí as cinneadh de chuid an Rialtais i bPáipéar Bán mar gheall ar Chosaint a foilsíodh i bhFeabhra 2000, táthar ag díláru feidhmeanna Cosanta Sibhialta go dtí Ros Cré i gContae Thiobraid Árann i láthair na huaire. Is in aghaidh an chúlra seo a chuir an Bord é seo, an chéad Phlean Straitéiseach i dtoll a chéile.

Is tábhacht linn go leagtar ár bhfís i gcoitinne maidir le Cosaint Shibhialta síos sa Phlean mar threoirlíne do na geallsealbhóirí eile ar fad chun a gcuid tuairimí faoi fhorbairt na heagraíochta amach anseo a fhoirmliú. Tá sé i gceist againn go ndéanfar an Plean seo a athbhreithniú agus a fhoirfiú sa tréimhse go dtí 2007 nuair a chuirfear Plean eile faoi bhráid an Aire mar an chéad chéim eile i bpróiseas leanúnach athbhreithnithe.

# Ráiteas Misin

"Cosaint Shibhialta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chothabháil mar eagraíocht éifeachtach atá bunaithe ar shaorálaithe agus a chuireann freagraí éigeandála agus seirbhísí mar thacaíocht leis an bpobal ar fáil".


# Fís

Tá sé ríthábhachtach d'eagraíocht ar bith fís a bheith aice faoin dearcadh atá aice di féin a bheith suite sa todhchaí. Mar an chéad Bhord um Chosaint Shibhialta, tá iarracht déanta againn ar chur síos níos iomláine a thabhairt i gCaibidil 6 den cháipéis seo ar an gcineál eagraíochta ar mhaith linn a bheith againn. Freisin i gCaibidil 6 tá leagtha amach againn ár Spriocanna Straitéiseacha agus na luacha gur mhaith linn iad a bheith i réim san eagraíocht le linn thréimhse an Phlean agus ina dhiaidh.

Ós rud é gur é seo ár gcéad Phlean Straitéiseach, mheas muid gurbh ghá cur síos mion a thabhairt ar an gcúlra ar eascair an eagraíocht atá ann faoi láthair as sula dtéann muid ar aghaidh chun ár gcuid pleananna maidir le forbairt na heagraíochta a leagan amach.

# Cosaint Shibhialta –

## Cúlra Cosanta Sibhialta



Scoireadh an eagraíocht dheonach mar Chosaint in aghaidh Ionsaithe Aeir nuair a tháinig deireadh leis an Dara Cogadh Domhanda. Le linn an Chogaidh Fhuair a tháinig ina dhiaidh sin chinn an Rialtas go raibh gá le heagraíocht Cosanta Sibhialta a bhí oilte chun déileáil le suíomh núicléach. Dá dtarlódh mór-thubaiste bheadh gá le heagraíocht a mbeadh eolas faoi gharchabhair, múchadh dóiteáin, tarrtháil, aslonnú, leas, cumarsáid agus cumas gluaiseachta acu.

Dá bharr sin, cuireadh Cosaint Shibhialta ar bun i 1950 chun a bheith mar pháirt den struchtúr náisiúnta cosanta mar an freagra sibhialta cuí in aghaidh guaise a d'fhéadadh tarlú le linn cogaidh. Dearadh an eagraíocht chun gníomhaíochtaí agus bearta neamh-chomhraic a ghabháil de láimh mar chosaint in aghaidh ionsaithe ar an Stát, nó mar mhaolú ar an tionchar ar dhaoine agus ar mhaoin, nó in aghaidh guaise a d'fhéadadh tarlú ar bhealaí eile linn cogaidh nó éigeandála, mar thitim amach radaighníomhach nó cogadh bitheolaíoch nó ceimiceach.

Caitear suaitheantas Idir-náisiúnta na Cosanta Sibhialta ag baill Cosanta Sibhialta, chun a thaispeáint gur cuid iad de ghréasán domhanda daoine dúthrachtacha atá toilteanach freastal ina dtír féin nó thar lear mar chuid d'fhreagra praiticiúil ar fhaoiseamh éigeandála.

### *I dTreo 2000*

Le deireadh an Chogaidh Fhuair, d'athraigh an príomh-chruth de Chosaint Shibhialta sna 1990í go bheith mar thacaíocht leis an bpobal agus mar fhreagra ar éigeandáil. I 1992 seoladh an clár ar a dtugtar "I dTreo 2000", ar a bhfuil an ghníomhaíocht atá ann faoi láthair bunaithe. Ba é an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm sa chlár ná meicníochtaí a chur ar fáil a lig d'fhorbairt cláir i roinnt disciplíní. Bhain na cláir seo, a múnlaíodh tríd is tríd chun go ndíreofaí an eagraíocht níos fearr chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil, leis na rudaí seo a leanas:

- Forbairt freagraí le linn tuilte.
- Forbairt cumais mar chosaint ar dhóiteáin.
- Forbairt freagraí ar fhadhbanna comhshaoil.

# Cúlra

## Cúlra Cosanta Sibhialta

- Ag margaíocht traenáil Cosanta Sibhialta ar bhonn tráchtála.
- Ag athchóiriú agus ag nuashonrú socruithe le linn aslonnaithe.
- Ag forbairt cumas cabhrach thar lear.
- Ag forbairt freagraí ar phleananna le haghaidh éigeandálaí raideolaíocha.
- Forbairt freagraí ar lorg agus tarrtháil in aibhneacha, locha agus ar chóstaí.
- Forbairt freagraí cabhrach le linn síobadh sneachta.
- Leathnú scóip chúram tarrthála.
- Forbairt freagraí ar éigeandálaí móra.
- Maoirseacht.

### *Páipéar Bán*

Thug an Rialtas, i bPáipéar Bán mar gheall ar Chosaint dár dáta 29 Feabhra 2000, aghaidh ar Chosaint Shibhialta i gcomhthéacs rólanna agus imeachtaí na linne.

Faoin bPáipéar Bán gheall an Rialtas an bonneagar agus an traenáil chuí a chur ar fáil chun go bhféadadh Cosaint Shibhialta leanúint orthu a cumas chun freagra a thabhairt ar éigeandáil mar sheirbhís thánaisteach éigeandála den scoth a fhorbairt agus chun gníomhaíochtaí tacaíochta pobail a éascú, ag cloí san am céanna leis an gcruth deonach agus leis an meon aigne a bhí ag an eagraíocht ó thús. Gheall an Rialtas freisin go gcuirfí an creat cuí ar fáil chun Cosaint Shibhialta a fhorbairt trí reachtaíocht mar gheall ar Chosaint Shibhialta a nuachóiriú de bhíthin Bille nua le bearta breise mar chabhair le hearcú comhaltaí nua isteach don eagraíocht. Cuireadh an reachtaíocht i ngníomh ina dhiaidh sin mar an Acht um Chosaint Shibhialta 2002.

### *Údarás/Bunús Reachtúil*

Feidhmíonn Cosaint Shibhialta faoi reachtaíocht lena n-áirítear Achtanna na mBearta le linn Ionsaithe Aeir 1939 agus 1946, an Acht um Chosaint Shibhialta 2002 (ar a dtugtar na hAchtanna um Chosaint Shibhialta 1939 go 2002); na hAchtanna um Rialtas Áitiúil 1941 go 2001 agus Ionstraimí Reachtúla éagsúla.

# 3 Cúlra Cosanta Sibhialta

Glacadh leis an mBille um Chosaint Shibhialta ar 26 Márta 2002. Síníodh an Bille mar Dhlí ag an tUachtarán Dé hAoine, 12 Aibreán 2002 agus ina dhiaidh sin tugadh mar ainm air an Acht um Chosaint Shibhialta 2002.

Bunaíodh an tÚdarás nua Stáit ar ar tugadh an Bord um Chosaint Shibhialta ar Ordú ón Aire Cosanta i 2003, ag eascairt as forghníomhú na hAchta um Chosaint Shibhialta 2002. Roimhe sin, bhí feidhm na Cosanta Sibhialta ag leibhéal náisiúnta faoin Aire Cosanta agus go hiondúil tarmligeadh mar fheidhm speisialta é don Aire Stáit agus déanadh riarachán air ag an Roinn Cosanta.

Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird um Chosaint Shibhialta in Alt 8 den Acht um Chosaint Shibhialta 2002 agus liostáiltear in Aguisín 1 den Phlean seo iad.

Tugtar ballraíocht an chéid Bhoird agus a chuid Coistí in Aguisín 2. Is é téarma oifige an Bhoird ná trí bhliain.



# 3 Cláir Ghníomhaíochta Cosanta Sibhialta

D'fhéadfaí cur síos ar na gníomhaíochtaí traidisiúnta a ghabhann Cosaint Shibhialta de láimh mar seo a leanas:

- Éigeandáil/Garchabhair
- Tarrtháil
- Comhrac Dóiteáin
- Lorgaireacht agus Monatóireacht Radaíochta
- Cumarsáid Raidió
- Soláthar Leasa

Ó tugadh isteach clár "I dTreo 2000", tá dearcadh ioma-scileach glactha ag an eagraíocht maidir le traenáil saorálaithe seachas saorálaithe ag speisialtóireacht in aon disciplín amháin ná i líon beag bídeach acu. Shainaithnigh tionscnamh "I dTreo 2000" 12 de chláir(féach leathanach 6) as ar féidir údaráis áitiúla agus a gcuid Oifigeach Cosanta Sibhialta togha a dhéanamh. Bunaíodh seo ar riachtanais áitiúla agus ar shuíomh ó thaobh na tíreolaíochta de.

## *Seirbhís na dTaismeach*

I Seirbhís na dTaismeach, tugtar oiliúint do chomhaltaí i Sábháil Bheatha, ag leibhéil Idirmheánach, Ardleibhéal agus ag leibhéal Teagascóra chun déileáil le Taismigh agus chun garchabhair agus seirbhís otharcharr a sholáthar. Baineann fáthmheas, leigheas agus aslonnú/iompar othar leis an Seirbhís seo. Tá traenáil in úsáid defibrilators ag fás níos coitianta anois. Feidhmíonn comhaltaí den tseirbhís éigeandála mar chúl taca don tseirbhís rialta otharcharr ag mór-tharlúintí agus tá fáil orthu le linn mór-éigeandála.

## *Tarrtháil*

Is féidir gníomhaíocht tharrthála i gCosaint Shibhialta a roinnt i dtrí chatagóir. Tugtar traenáil do chomhaltaí i dtarrtháil uirbeach, lorg amuigh faoin tuath le haghaidh daoine caillte agus lorg agus tarrtháil bunaithe ar uisce. Le haghaidh seo ní mór do shaorálaithe a bheith aclaí le dóthain teacht aniar iontu chun glacadh le tréimhsí fada de ghníomhaíocht leanúnach. Tá an-ráchairt ag comhaltaí ar an traenáil anseo ós rud é gur minic a bhíonn obair amuigh faoin aer i gceist. Baintear feidhm as éigeandálaí bréige mar phléascáin, tuairteanna eitleán, tuairteanna traenach, lorg amuigh faoin aer agus foirgnimh ag titim as a chéile chun traenáil a dhéanamh chomh réadúil agus is féidir. Is féidir le gníomhaíocht atá bunaithe ar uisce a bheith ar siúl ar aibhneacha, locha nó ar inbhir.

Cuirtear traenáil le haghaidh gníomhaíochtaí atá bunaithe ar uisce ar fáil ag áisíneachtaí eachtracha. Mar shampla, cuirtear traenáil maidir le báid chumhachta de réir shiollabas Chumann Seoltóireachta na hÉireann, le háisíneachtaí a cheadaíonn an Cumann féin.

## *Seirbhís Chúnta Dhóiteáin*

Cuireadh an tSeirbhís Chúnta Dhóiteáin ar bun mar chúl taca nó mar sheirbhís chúnta dhóiteáin don phríomh-sheirbhís dhóiteáin. Tugtar traenáil do chomhaltaí i rudaí a bhaineann le comhrac dóiteáin mar dhruileáil pumpaí agus dréimirí. Tugtar traenáil dóibh chomh maith i gcaidéalú tuilte agus solathrú uisce agus i dtacaíochtaí éigeandála eile don pobal.

# 3 Cláir Ghníomhaíochta Cosanta Sibhialta

Tá seo thar a bheith áisiúil mar thacú le faoiseamh tuile i mBaile Átha Cliath agus i gceantair eile le blianta beaga anuas.

### *Seirbhís Maor agus Monatóireacht Radaíochta*



Tá cúram maidir le monatóireacht ar radaíocht núicléach le linn timpiste núicléach ag an eagraíocht Cosanta Sibhialta nó le linn cogaidh núicléigh nó bagairt pléascáin ó eagraíocht sceimhlitheoireachta. Chun an geall seo a chomhlíonadh tá gréasán de Mhaoir ar fud na tíre oilte ag Cosaint Sibhialta maidir le hoibriúchán dá chineáil de lorgaireacht radaíochta agus de threalamh monatóireachta.

Ceann acu is lorgaire radaíochta ag leibhéal íseal é gur féidir leis radaíocht a thomhas síos go gnáth-leibhéil chúlra agus a d'úsáidfí go príomha chun titim amach radaighníomhach a lorg agus a thomhas i ndiaidh timpiste sa tionscadal núicléach mar a tharla i Chernobyl. D'úsáidfí an dara cineál de ghléas chun na leibhéil i bhfad níos airde de thitim amach radaighníomhach mar thoradh ar phléascáin núicléacha le linn cogaidh a lorg agus a thomhas.

Faoi Phlean Náisiúnta Éigeandála an Rialtais le haghaidh Timpistí Núicléacha, is é an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an chomhlacht chomhordaithe le haghaidh freagraí na roinn agus na n-áisíneachtaí Rialtais ar fad. Faoin bPlean, tugadh roinnt feidhmeanna atá tábhachtach agus sonrach do Chosaint Shibhialta agus is é seirbhís na maor a chuireadh a leithéid i bhfeidhm. Áirítear leis na feidhmeanna seo:

- Ag déanamh monatóireachta ar radaíocht statach ó roinnt pointí seasta ar fud na tíre.
- Ag bailiú samplaí de chineálacha éagsúla lena n-áirítear ithir, uisce agus glasraí agus á n-iompar go dtí saotharlanna Institiúid Chosaint Raideolaíochta na hÉireann (ICRÉ) agus saotharlanna tiomnaithe eile chun anailís a dhéanamh orthu.
- Ag déanamh monatóireachta taistil i ngach ceann de na limistéir údarás áitiúla.
- Ag cabhrú, nuair a iarrtar a leithéid, le cur i bhfeidhm bearta smachta.

Cuirtear traenáil in ábhair ghinearálta a bhaineann le Radaíocht Núicléach agus in úsáid gléasanna chun radaíocht a lorg ar fáil do chomhaltaí. Déanann Oifigigh Eolaíochta, gur baill de Chosaint Shibhialta iad, stiúradh agus bainistíocht air seo. De ghnáth is daoine iad na hoifigigh seo a bhfuil cúlra in innealtóireacht, eolaíocht nó i gcúlra teicniúil eile acu.

### *Seirbhís Leasa*

Ní féidir an iomarca béime a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an seirbhís leasa. Is é Cosaint Shibhialta an t-aon eagraíocht amháin atá bunaithe ar

# 3 Cláir Ghníomhaíochta Cosanta Sibhialta

shaorálaithe a traenáil as cuimse sa raon seo acu agus ar an ábhar sin cuireann sí seirbhísí faoi leith ar fáil le linn na héigeandála mar thacaíocht leis na príomh-eagraíochtaí. Is minic fulaingt agus bás féin le linn éigeandála mura dtugtar cúram ceart i ndiaidh b'aire dóibh siúd a d'fhulaing de bharr tubaiste. D'fhéadadh riachtanais bhunúsacha fhisiceacha a bheith i gceist anseo mar réiteach bia agus dí nó tacaíocht shiceolaíochta. Déantar bia a réiteach de réir chaighdeán HACCP, a gcuirtear traenáil lena aghaidh ar fáil. Is féidir le comhaltaí anuas air sin bia le haghaidh foireann eile agus lucht éigeandála ag láthair thubaiste. Tugtar traenáil freisin do lucht seirbhíse chun feidhmiú le linn athlonnaithe trí foscadh a bhunú, déileáil le dídeanaithe agus bainistíocht a dhéanamh ar aslonnú agus iompar daoine ó na háiteanna atá i gceist.

### *Cumarsáid*

Bíonn dhá chóras neamhspleácha raidió ar siúl ag Cosaint Shibhialta mar thacaíocht lena gníomhaíochtaí éagsúla. Ceann acu an córas MAA (Minicíocht An-Ard) a sholáthraíonn clúdach leathan raidió, de ghnáth clúdach contae agus níos faide ar shiúl. Is córas náisiúnta é seo a thugann gréasán de stáisiúin atá bunaithe ar raidió agus suímh raidió ar bharr chnoc le chéile chun gréasán neamhspleách a chur ar fáil ar fud na tíre. Cuireann an córas seo cumarsáid raidió ar fáil idir na bunstáisiúin, lonnaithe i gCeannáras an Chontae agus feithiclí Cosanta Sibhialta ina bhfuil gléasanna raidió MAA ag taisteal ar fud an chontae.

Is é an dara ceann córas MTA (Minicíocht Thar a Bheith Ard) a úsáidtear go príomha ar mhaithe le cumarsáide raidió ar an suíomh féin. Cuireann seo clúdach raidió áitiúil ar fáil ag ionaid timpistí agus oibriúcháin a úsáideann gléasanna raidió MTA, suite i bhfeithiclí agus i ngléasanna raidió láimhe.

Oibríonn Cosaint Shibhialta gléasanna raidió MAA ag muir freisin mar thacaíocht lena ngníomhaíochtaí i mbáid a chuireann cumarsáid raidió ar fáil idir na báid agus áisíneachtaí eile mar mhuintir na mBád Tarrthála, na Maoir Chladaigh agus stáisiúin éagsúla raidió i gcaladh nó ar an gcósta. Is nithe riachtanacha iad na raidiónna seo mar threalamh sabháilteachta don Cosaint Shibhialta sna báid.

Cuirtear traenáil ar fáil maidir le gach uile ghné d'oibriúchán raidió, lena n-áirítear úsáid na nósanna imeachta cearta raidió a aithnítear mar nósanna imeachta an chaighdeáin ar fud an domhain. Anuas air sin, cuirtear traenáil ar fáil chun a dhul i dtaithí i gceart ar úsáid trealaimh raidió arna oibriú ag gléasanna raidió Cosanta Sibhialta, MAA, MTA agus gléasanna Mara.




# 3 An Bord um Chosaint Shibhialta

Ceapadh an chéad Bhord um Chosaint Shibhialta ag an Aire Cosanta i 2002 tar éis forghníomhú na hAchta um Chosaint Shibhialta 2002. Déantar an Bord suas de cheathair chomhalta déag (lena n-áirítear an Cathaoirleach) agus ionadaíonn sé thar ceann na ngeallsealbhóirí móra i saol na cosanta sibhialta i gcoitinne. Ceaptar comhaltaí an Bhoird mar seo a leanas:

- Ceathrar a bhfuil, i dtuairim an Aire Chosanta, taithí acu i dtionscadal, airgeadas nó riarachán a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird.
- Príomhoifigeach ón Roinn Cosanta (chun feidhmiú mar an chéad Stiúrthóir Ginearálta).
- Duine a ainmnítear ag Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach.
- Duine a ainmnítear ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a bhfuil, i dtuairim an Aire, taithí nó saineolas cuí ar phleanáil éigeandála.
- Duine a ainmnítear ag Institiúid Chosaint Raideolaíochta na hÉireann.
- Duine a ainmnítear ag an Áisíneacht um Chosaint an Chomhshaoil.
- Ball de Chumann na nOifigeach Cosanta Sibhialta ainmnithe aige.
- Oifigeach de chuid na Fórsaí Cosanta a ainmnítear ag Ceann Foirne na bhFórsaí Cosanta.
- Ball den Gharda Síochána a ainmnítear ag Coimisinéir an Gharda Síochana,
- Saorálaí de chuid Cosanta Sibhialta.
- Ball d’fhoireann an Bhoird.

# 3 Eagrúchán agus Foireann

***Cairt Eagrúchán Foirne***




## Foireann

| Grád | Uimhir |
|---|---|
| Stiúrthóir Ginearálta | 1 |
| Leas-Phríomhoifigeach | 3 |
| Oifigeach Teicniúil | 1 |
| Oifigeach Cumarsáide | 1 |
| Ard-Theagascóir AOF | 1 |
| Teagascóir AOF/OF | 2 |
| Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin | 3 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin/Foirne | 4 |
| Oifigeach Cléireachais | 7 |
| Frestalaí Raoin | 2 |
| Fear Stórais | 1 |

# Timpeallacht



Cé gur bunaíodh eagraíocht Chosaint Shibhialta an lae atá inniu ann i 1950, is as tréimhse an chogaidh ó 1939 go 1945 agus am na nAchtanna um Réamhchúram in aghaidh Ionsaithe Aeir 1939 & 1946 a fáisceadh í. Fearacht eagraíocht ARP ar eascair sí as, is éard ba chuspóir di cosaint a thabhairt do shaoránaigh in aghaidh bagairtí le linn cogaidh – pléascáin arda, ionsaithe loiscneacha agus cogadh ceimiceach. De réir mar a d'fhás arm cogaidh núicléach tar éis an chogaidh agus i ndiaidh bhunú Cosanta Sibhialta, leathnaíodh an cuspóir sin chun an bhagairt nua a thabhairt isteach. D'fhág seo rian nach beag ó thaobh eagrúcháin de go mór mór nuair a tháinig an bhagairt de thitim amach ó pléascáin núicléacha chun solais.

Bhí na gnéithe ar fad a bhaineann le heagraíocht náisiúnta seachas eagraíocht údaráis áitiúil ag eagraíocht Chosaint Shibhialta a tháinig ar an saol dá thoradh seo. San am céanna, d'eascair dualgas le linn na síochána do Chosaint Shibhialta freisin, mar chúl taca leis na seirbhísí éigeandála ach is é rud tánaisteach go maith a bhí i gceist leis an dualgas seo.

De réir mar a d'éirigh cogadh núicléach ina mbeadh na mílte arm cogaidh núicléacha i gceist ar gach taobh níos cosúla, áfach, d'éirigh sé ní ba dheacra ról inchreidte do Chosaint Shibhialta a chur chun cinn – nó aon mhodh cosanta eile – do na saoránaigh. Is ag an tráth seo go déanach sna 1980í a tháinig an Cogadh Fuar go críoch gan choinne agus, d'athraigh Cosaint Shibhialta, le beagán faoisimh, chun díriú ar fheidhmeanna le linn síochána.

### *Clár i dTreo 2000*

Cuireadh "Clár i dTreo 2000" ar cuireadh tús leis i 1992, i dtoll a chéile chun scileanna na heagraíochta a fhorbairt chun go mbeadh sí ina heagraíocht a dhéanadh freastal ar riachtanais an phobail ó lá go lá. D'fhéadadh seo bunús d'eagraíocht dheonach a chruthú chun dul i ngleic le héigeandálaí móra ar fud na tíre. D'éirigh tríd is tríd leis an gClár, a bhfuil cur síos air le fáil i gCaibidil 3, maidir le híomhá agus críochnúlacht Cosanta Sibhialta a ardú, go mór mór go háitiúil.

### *Páipéar Bán*

Mar a cuireadh síos i gCaibidil 3 thuas, d'fhoilsigh an Rialtas i 2000 Páipéar Bán mar gheall ar Chosaint Shibhialta a leag amach an creat beartais i gcoitinne chun an eagraíocht a fhorbairt sa tréimhse 10 mbliain ó 2000 agus inár tugadh le fios go raibh i gceist Cosaint Shibhialta a ghluaiseacht go Ros Cré i gContae Thiobraid Árann.

## An Acht um Chosaint Shibhialta 2002

Ba é an Acht um Chosaint Shibhialta, inár ceadaíodh bunú an Bhoird um Chosaint Shibhialta i 2003, an chéad reachtaíocht ag baint le Cosaint Shibhialta le breis agus caoga bliain anuas agus is mór an chloch mhíle i stair Cosanta Sibhialta í. Den chéad uair riamh tá ionadaíocht ag saorálaithe Cosanta Sibhialta ag an leibhéal is airde san eagraíocht.

## An Roinn Cosanta

Ag eascairt as Acht 2002 fanfaidh an cúram don Oireachtas maidir le Cosaint Shibhialta leis an Roinn Cosanta fós lena náirítear dáileadh acmhainní airgeadais trí dheontais i gcabhair agus ón Aire don Bhord amach as airgead a sholáthraítear ag an Oireachtas. Fanfaidh cuntasacht do Dháil Éireann maidir le caiteachas ar Chosaint Shibhialta le Rúnaí Ginearálta na Roinne Cosanta mar an Oifigeach Cuntasaíochta faoin Acht. Anuas air sin, tá de riachtanas ar an mBord faoin Acht plean forbartha straitéisí maidir le Cosaint Shibhialta a chur faoi bhráid an Aire chun go gceadítear é gach trí bhliain.

Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach don Bhord go mbíonn gaol oibre atá láidir, dearfach agus leanúnach idir an tAire, an Roinn agus an Bord ó thús. D'fhéadfaí an leas is fearr don Bhord a bhaint as a leithéid de ghaol maidir le hionchurtha do bheartas Cosanta Sibhialta agus dáileadh acmhainní i gcur i bhfeidhm phleananna forbartha an Bhoird maidir le Cosaint Shibhialta.

## Cód Cleachtais le haghaidh Rialú Comhlachtaí Stáit

Agus é i mbun a chuid gnóthaí, tá de rún ag an mBord, nuair is cuí, 'Cód Cleachtais le haghaidh Rialú Comhlachtaí Stáit' a d'eisigh an tAire Airgeadais i nDeireadh Fómhair 2001 a chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm.

Leagann an Cód amach na prionsabail maidir le rialú corpartha ar mhaithe le trédhearcacht agus cuntasacht. Glacann sé leis an tábhacht a bhaineann le Pleanáil Chorpartha agus leagann sé bunús chun a chinntiú go mbíonn na struchtúir agus na nósanna imeachta a bhfuil gá leo in alt chun go bhfeidhmíonn Comhlachtaí Stáit de réir na gcaighdeán is airde. Comhairlíonn sé freisin go gcuirfear smachta cuí airgeadais agus inmheánacha in alt.

Tuigeann an Bord an dualgas atá air a chinntiú go rialaítear a gcuid gníomhaíochtaí go léir faoin gCód agus féachfaidh sé chuige go leanann sé an cleachtas is fearr maidir le rialú corpartha.

# 4 Timpeallacht

## *Údaráis Áitiúla*

Mar a luaidh níos túisce feidhmíonn Cosaint Shibhialta faoi reachtaíocht lena n-áirítear ní hamháin na hAchtanna um Chosaint Shibhialta ó 1939 go 2002 ach freisin faoi na hAchtanna um Rialtas Áitiúil ó 1941 go 2001. Déantar seirbhísí uile Cosanta Sibhialta a sheachadadh ag leibhéal áitiúil tríd an Oifigeach Cosanta Sibhialta (OCS) san údarás áitiúil atá i gceist sa cheantar. Is fostaí lánaimseartha de chuid an údaráis áitiúil é BCS agus tá sé freagrach as bainistíocht laethúil ar chúrsaí Cosanta Sibhialta faoi threorú struchtúr an údaráis áitiúil a bhaineann le hábhar.



Tá ról tábhachtach ag Údaráis Áitiúla freisin maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm pleanála le haghaidh éigeandálaí móra taobh istigh de na ceantair a bhaineann leo agus ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Cuirtear maoiniú le haghaidh ghníomhaíochtaí Cosanta Sibhialta agus costais thraenála ó lá go lá le fáil trí dheontas i gcabhair ón mBord do gach údarás áitiúil le haghaidh 70% de chaiteachas ceadaithe leis an údarás áitiúil ag cur na coda eile ar fáil.

Mar thoradh ar an Tionscnamh um Rialtas Áitiúil Níos Fearr (TRANF) a thug an Roinn Comhshaoil amach tá athruithe móra tagtha ar bhainistiú agus struchtúir na n-údarás áitiúla. Mar sheirbhís de chuid na n-údarás áitiúla b'éigean do Chosaint Shibhialta coigeartú de réir athruithe i ngaoil thuairiscithe agus athruithe nach iad laistigh d'údarás a d'fhéadadh tionchar a imirt ar Chosaint Shibhialta.

Le haghaidh na n-údarás áitiúla is comhartha é bunú an Bhoird um Chosaint Shibhialta chun bainistíocht a dhéanamh ar an eagraíocht agus í a fhorbairt ag leibhéal náisiúnta den ghaol laistigh den eagraíocht idir an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta. Mar Bhord dúthrachtach déanta suas de gheallsealbhóirí i gCosaint Shibhialta gabhaidh muid dearcadh níos dírí de láimh chun an eagraíocht a fhorbairt ag leibhéal náisiúnta. Tá sé de rún againn na hacmhainní uile inmheánacha agus eachtracha a chuirtear ar fáil dúinn a úsáid chun gaol éifeachtach oibriú a chothabháil leis na húdaráis áitiúla.

Faoi Alt 31 den Acht um Chosaint Shibhialta 2002, tá sé de riachtanas ar údaráis áitiúla plean maidir le cosaint shibhialta ina gceantar feidhmiúcháin féin a chur faoi bhráid an Bhoird, rudaí mar earcú, oideachas, traenáil, úsáid chríochnúil acmhainní agus ceisteanna gaolmhara leo san áireamh.

## *Seirbhísí Éigeandála Eile*

Tá gaol maith oibre bainte amach ag Cosaint Shibhialta le príomh-sheirbhísí éigeandála eile, is é an Garda, an tSeirbhís Dóiteáin, Seirbhísí na Sláinte agus an Maor Cladaigh thar go leor

# 4 Timpeallacht

blianta. Beidh sé mar thosaíocht dúinn an gaol atá againn leis na príomh-sheirbhísí éigeandála a shoiléiriú agus fhoirmliú chun leas Cosanta Sibhialta agus na seirbhísí eile sin ar fad.

## *Áisíneachtaí Reachtúla/Ranna Rialtais Eile*

Tá ról sainmhínithe ag Cosaint Shibhialta faoin bPlean Éigeandála Náisiúnta um Thimpistí Núicléacha arna chomhordú ag DOEHLG i gomhairle leis na Ranna agus na háisíneachtaí eile a bhaineann le hábhar. Tá de rún againn mar Bhord athbhreithniú ar ról agus ar fheidhmeanna Cosanta Sibhialta maidir lena dhualgas ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar radaíocht núicléach agus eagrúchán agus traenáil Seirbhís na Maor chun an dualgas seo a chomhlíonadh.

Tá ról neamhfhoirmiúil nach bhfuil sainmhínithe chomh soiléir céanna ag an eagraíocht ag obair i dtacaíocht le háisíneachtaí reachtúla eile. Mar sin féin, tá ról le haghaidh Cosanta Sibhialta i ngach ceann de na Ranna a bhfuil baint acu le pleanáil éigeandála chun a gcuid pleananna éigeandála a chur i dtoll a chéile. De ghnáth, áfach, bhainfeadh an comhthéacs atá i gceist le ról traidisiúnta Cosanta Sibhialta mar thacaíocht leis an gcomhrac in aghaidh tarlúintí gnásúla, ceimiceacha, bitheolaíochta, raideolaíochta agus núicléacha. Eisceacht a tháinig chun solais le déanaí is ea baint chuimsitheach Cosanta Sibhialta mar thacaíocht leis an Roinn Talmhaíochta i róil éagsúla in aghaidh an Ghalair Chrúbaigh ar fud na tíre.

Tá de rún againn an gaol idir Chosaint Shibhialta agus Ranna agus áisíneachtaí a fheidhmíonn i bpleanáil éigeandála a fhoirmliú chun go ndéantar an ról ag Cosaint Shibhialta níos soiléire agus mar chabhair le breis pleanála níos éifeachtúla. Maidir leis sin, mholfadh an Bord go ndéanfaí gaol a chothú leis an Oifig Pleanála Éigeandála mar chuid den Roinn Cosanta.

## *Áisíneachtaí Deonacha/Seirbhísí Tarrthála*

Go mór mór ag leibhéal áitiúil ach freisin ag leibhéal náisiúnta, tá gaol oibre éagsúil ag Cosaint Shibhialta leis na seirbhísí deonacha. Den chuid is mó de, níl aon socruithe foirmiúla i bhfeidhm agus tá de rún againn, le cabhair ó na forálacha san Acht um Chosaint Shibhialta 2002, an gaol seo a shoiléiriú agus a neartú.

Ní mór aontú faoi shocruithe comhoibrithe go háitiúil ina mbeadh baint ag an údarás áitiúil, ag na príomh-sheirbhísí éigeandála ar fad agus leis na seirbhísí deonacha/tarrthála i gceantar áitiúil. D'fhéadfaí socruithe den chineál sin a chomhordú trí thionscnaimh atá gafa de láimh ag Cosaint Shibhialta i gceantar na n-údarás áitiúla.

# 4 Timpeallacht

### *An Pobal i gCoitinne*

Bheadh dearcadh dearfach, sa méid is gur tugadh faoi deara a leithéid a bheith ann, ag an bpobal i gcoitinne ar eagraíocht gur Cosaint Shibhialta í agus a cuid imeachtaí. Is é an dearcadh traidisiúnta ar Chosaint Shibhialta ná eagraíocht atá ann chun teacht i gcabhair le linn na héigeandála, chun tacaíochta le hiarrachtaí in aghaidh tionchar ionsaithe núicléacha/ceimiceacha agus mór-thubaistí.

Bheadh dearcadh i bhfad níos leithne ag an bpobal anois agus an oiread béime agus a cuireadh ar an bpobal i gClár "I dTreo 2000" tar éis deireadh a theacht leis an gCogadh Fuar maidir le feidhmeanna agus buanna Cosanta Sibhialta agus bheadh íomhá i bhfad níos fearr ag an eagraíocht dá bharr sin. Bheadh imeachtaí mór le rá mar na cinn seo a leanas tar éis íomhá níos leithne de Chosaint Shibhialta a thabhairt don phobal i gcoitinne:

- Baint mhór go náisiúnta agus go háitiúil mar thacaíocht le slógadh rathúil na gCluichí Oilimpeacha Speisialta in Éirinn i 2003;
- Ag feidhmiú ar fud na tíre mar thacaíocht leis an gcomhrac in aghaidh an Ghalair Chrúibe is Béil (2001);
- Ag tabhairt aire do dhídeanaithe – Tuaisceart Éireann (1970í) agus An Bhoisnia (1992);
- Ag tacú le hiarrachtaí in aghaidh na dtuilte i mBaile Átha Cliath agus go leor áiteanna eile;
- Ag tacú le hiarrachtaí na n-údarás áitiúla agus iad ag déileáil le héigeandálaí éagsúla ina gceantair féin;
- Ag tacú leis na Gardaí agus eile i misin loirg agus tarrthála;
- Ag cur maoirseachta/garchabhrach agus tacaíochtaí eile ar fáil ag imeachtaí móra pobail.



# 4 Anailís de réir Timpeallachta

Téann athruithe i bhfeidhm ar aon chomhlacht poiblí agus ag iarraidh deacrachtaí maidir le forbairt amach anseo a shonrú agus aghaidh a thabhairt orthu ní mór measúnacht chriticiúil faoi staid na heagraíochta mar atá sí i láthair na huaire a ghabháil de láimh. Bhainfeadh an mheasúnacht go mór mór le hÚdarás Áitiúil nár bunaíodh ach le déanaí mar an Bord um Chosaint Shibhialta. Modh coitianta chun a leithéid de mheasúnacht laistigh de phróiseas SMI go ndéanann an eagraíocht anailís leathan ar neartanna na heagraíochta agus ar na dúshláin atá os a comhair amach. Cuireadh na tuairimí seo thíos in iúl le linn phróiseas an chomhairlithe le haghaidh na cáipéise seo mar a luadh ar leathanach 3:



# 4 Anailís de réir Timpeallachta

| Cáillíochtaí | Dúshláin |
|---|---|
| Eagraíocht i bhfeidhm ó 1950 i leith i ngach ceantar Údaráis Áitiúil. | Ról na heagraíochta i gcomhairle leis na príomh-sheirbhísí éigeandála agus eile a shainmhíniú go soiléir. |
| Meon deonach na heagraíochta. | An bhallraíocht atá ann faoi láthair a choinneáil agus baill nua a tharraingt. |
| Eagraíocht smachtúil, aontaithe le cumas ceannais agus smachta chun teacht i gcabhair nuair a iarrtar a leithéid. | Aon chóras amháin Ceannais agus Smachta atá comhtháite agus náisiúnta a bhaint amach chomh maith le nósanna imeachta traenála agus eagrúcháin a chaighdeánú. |
| Saineolas traenála i ndisciplíní éagsúla tugtha amach san eagraíocht ar fad chomh maith le scuaidrín feithiclí agus trealaimh a oireann don lá inniu. | Cláir thraenála a fhorbairt a bheidh in ann aitheantas forleathan a bhaint amach. |
| Réimse leathan de shaineolas pearsanta san eagraíocht. | Ceannáras nua-aoiseach lán acmhainní a bhunú go luath don Bhord i Ros Cré. |
| Dearcadh maith ag an bpobal ar an eagraíocht bunaithe ar tacaíocht leanúnach go náisiúnta agus i measc an phobail. | Stádas na heagraíochta i ngach Údarás Áitiúil a ardú agus iniúchadh a dhéanamh ar na cumais éagsúla i measc Údarás Áitiúla chun seirbhísí Cosanta Sibhialta a sheachadadh. |
| An Bord nua um Chosaint Shibhialta, déanta suas de ghealltsealbhóirí móra leis an saineolas chun an eagraíocht a athbhreithniú, a fhorbairt agus a chur i suíomh don todhchaí. | Clár cuimsitheach de Bhaill Cosanta Sibhialta a chur le chéile chomh sciobtha agus is féidir. |
| Cuirfidh dílárú go dtí áras nua i Ros Cré an deis chun saorálaithe agus foireann a thraenáil agus a fhorbairt. | Feabhar a chur ar mhalartú eolais idir Údaráis Áitiúla agus Ceannáras na gCosanta Sibhialta |
| Tabharfaidh forbairt an aitheantais chorpartha ag an mBord fócas nua don eagraíocht, déanfaidh sé misneach a fheabhsú, cabhróidh sé hearcú agus coinneáil agus ardóidh sé íomhá na heagraíochta go náisiúnta agus cuirfidh sé an deis ar fáil cláir chuimsitheach traenála a thabhairt isteach. | Íomhá na heagraíochta a ardú in aghaidh an dearctha i measc na mball go bhfuil áisíneachtaí eile ag breith ar Chosaint Shibhialta. |
| Le hionadaíocht dhíreach ag leibhéal an Bhoird tá guth ag saorálaithe anois ó thaobh reáchtáil na heagraíochta ag leibhéal náisiúnta. | Traenáil agus forbairt slite beatha d'fhoireann an Bhoird a chur i bhfeidhm |
| | Úsáid teicneolaíochta faisnéise ar mhaithe le riarachán agus cumarsáid a fhorbairt. |

# 4 Anailís de réir Timpeallachta

## *Timpeallacht Amach Anseo*

Tabharfaidh an timpeallacht ina bhfeidhmeoidh Cosaint Shibhialta amach anseo fachtóirí eile isteach mar:


- Tabharfaidh daonra níos éagsúla in Éirinn inár tháinig borradh as cuimse faoi fhorbairt bonneagair agus eacnamaíochta ó 1990 i leith, dúshláin nua maidir le hearcú, traenáil agus oibriúcháin.
- Coigeartú eagrúcháin don Cheannáras/áras traenála nua le bheith réidh faoi dheireadh 2005.
- Dúshláin nua maidir le cabhrú le cosaint daoine ó bhagairt na sceimhlitheoireachta domhanda tar éis ar tharla ar 11 Meán Fómhair 2001.
- Dúshláin ar aghaidh na n-eagraíochtaí deonacha uile amach maidir le hearcú agus coinneáil ball.
- An dúshlán leanúnach a bheith ag coinneáil suas le hathruithe i reachtaíocht a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht agus i gcomhbhearta cosanta.



# 4 Geallsealbhóirí

| | |
|---|---|
| • **Aire Cosanta** | |
| • **Roinn Cosanta** | ➢ ***Rúnaí Ginearálta***<br>➢ ***Nasc le Coiste Comhordú na bhFreagraí ar Éigeandáil***<br>➢ ***Oifig Pleanála Éigeandála***<br>➢ ***Údaráis Mhíleata***<br>➢ ***Comhpháirtíocht le haghaidh Síochána*** |
| • **Bord um Chosaint Shibhialta** | |
| • **Coistí an Bhoird** | |
| • **Foireann an Bhoird** | |
| • **Údaráis Áitiúla** | ➢ ***Bainistíocht***<br>➢ ***Oifigigh Cosanta Sibhialta*** |
| • **Baill Cosanta Sibhialta** | |
| • **Roinn Dlí agus Cirt** | ➢ ***Ceannáras an Gharda*** |
| • **Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil** | ➢ ***Institiúid Chosaint Raideolaíochta na hÉireann***<br>➢ ***Cosaint Shibhialta an AE*** |
| • **Roinn Sláinte agus Leanaí** | ➢ ***Údaráis Shláinte***<br>➢ ***Feidhmeannas na mBord Sláinte***<br>➢ ***Comhairle Cúraim Éigeandála roimh an Ospidéal*** |
| • **Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha** | ➢ ***Maoir Chladaigh na hÉireann*** |
| • **Roinn Oideachais** | ➢ ***Comhlachtaí Oideachais/Traenála Náisiúnta/Idirnáisiúnta*** |
| • **Roinn Talmhaíochta agus Bia** | ➢ ***Pleananna Éigeandála*** |
| • **Ranna Rialtais Eile** | |

## Geallsealbhóirí Eile



# 5



# Acmhainní

## Saorálaithe

Is é bunús neart eagraíocht Cosanta Sibhialta an meon deonach atá aice agus leis na saorálaithe ar fad faoi láthair agus san am a caitheadh a chuidigh leis go toilteanach thar breis agus 50 bliain.

Ní mór aitheantas follasach a thabhairt gurb é na saorálaithe bunús Cosanta Sibhialta agus is cuid lárnach é seo de fhoirmliú straitéise amach anseo. I mion-thaighde a rinneadh le déanaí dár teideal "Tipping the Balance", chuir an Coiste Náisiúnaithe um Shaorálaíocht, i measc rudaí eile, a dheacra agus atá sé ballraíocht eagraíochtaí deonacha a choinneáil.

Is díol spéise é a thabhairt faoi deara ón Tuarascáil gurb iad na heagraíochtaí deonacha a n-éiríonn leo a gcuid ball a choinneáil na cinn a thugann traenáil don bhallraíocht in aon ghníomhaíocht faoi leith amháin thar tréimhse ghairid ama. Cuireann na saorálaithe seo na scileanna a d'fhoghlaim siad i bhfeidhm gan mhoill i suímh fhírinneacha. Tá seo os coinne eagraíochtaí mar Chosaint Shibhialta agus eagraíochtaí eile a thugann traenáil níos faide agus i neart gníomhaíochtaí le haghaidh suímh nuair nach mbeadh gá le cur i bhfeidhm réimse na scileanna a d'fhéadadh a bheith ag teastáil le linn éigeandála móra ach go hannamh.

Sula mbunófar Clár ballraíochta mar is riachtanach faoin Acht um Chosaint Shibhialta 2002, tá de rún ag an mBord iniúchadh cuimsitheach den bhallraíocht a ghabháil de láimh chun a thabharfaidh isteach cláir náisiúnta agus áitiúla agus lena n-áireofar an taithí a fuarthas.

Mar Bhord tuigeann muid go maith go mbeidh an eagraíocht nua Cosanta Sibhialta a bhfuil fúinn bunú bunaithe ar thacaíocht ón mballraíocht atá ann i láthair na huaire.

## Coistí an Bhoird

Tá ceathair choiste curtha ar bun againn cheana féin, ina measc an trí choiste reachtúla mar is riachtanach faoin Acht um Chosaint Shibhialta 2002. Is iad na ceathair coistí ná:

- Pleanáil, Forbairt agus Earcú.
- Oideachas agus Traenáil.
- Sláinte, Sábháilteacht agus Ceannach.
- Iniúchadh.

# 5 Acmhainní

Tabharfaidh na coistí réimse leathan taithí dúinn maidir le forbairt Cosanta Sibhialta agus imreoidh a gcuid tuairimí agus gníomhaíochtaí tionchar nach beag ar a bhfuil i ndán don eagraíocht amach anseo. Tá ionchurtha maidir leis seo, an chéad Phlean Straitéise de chuid Cosanta Sibhialta faighte ó bhaill de na Coistí.

Anuas air sin, tá meicníochtaí curtha i bhfeidhm againn chun saorálaithe a thoghadh ar Choistí Saorálaithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun go dtoghfar baill gur saorálaithe iad ar an mBord féin amach anseo. Feidhmeoidh ionadaíocht seo na Saorálaithe mar bhealach chun tuairimí saorálaithe a chur in iúl ag an leibhéal is airde den eagraíocht.



Tá sé mar riachtanas faoin Acht freisin go mbunófar baill Cosanta Sibhialta i ngach ceantar údaráis áitiúil agus ligeann sí dúinn rialacháin a dhéanamh maidir le hearcú agus coinneáil ball agus coinníollacha maidir leis an gcaighdeán is ísle de thraenáil atá ag teastáil.

## *Foireann Fheidhmiúcháin*

Is mór an acmhainn dúinn agus do na Coistí maidir le pleananna a chur le chéile a bhaineann le forbairt Cosanta Sibhialta amach anseo, agus freisin maidir le cur i bhfeidhm na bpleananna sin baill Fhoireann Fheidhmiúcháin an Bhoird.

Faoin Acht beidh foireann ina státseirbhísigh agus mar Bhord tuigeann muid go maith go gcaitheann an Státseirbhís dul in iomaíocht le hearnáleacha eile den ghéilleagar le haghaidh acmhainní daonna agus go bhfuil sé anois níos deacra ná mar a bhí sé riamh foireann den scoth a tharraingt agus a choinneáil. Agus Feidhmiúchán éifeachtach a dhéanfaidh freastal ar ár gcuid riachtanas á bhunú againn, tuigeann muid:

- san aistriú ó Roinn Rialtais go hÚdarás Stáit, agus
- i ndílárú feidhm náisiúnta Cosanta Sibhialta go Ros Cré

go mbeidh an chuid is mó den Fheidhmiúchán nua nó ábhairín nua do Chosaint Shibhialta agus go dtógfaidh sé tréimhse ama sular bhfaightear ar ais an taithí a chailltear don eagraíocht i réimsí áirithe. Cuirfidh muid struchtúir nua ar bun chun leanúint orainn leis na córais Bainistíocht agus Forbairt Comhpháirtíochta agus Gníomhaithe (BFCP) atá i bhfeidhm i Ranna/in Oifigí Rialtais.

# 5 Acmhainní

### *Údaráis Áitiúla:*

Mar Bhord, aithníonn muid go hiomlán:

- Nach féidir linn ár gcuid pleananna le haghaidh Cosanta Sibhialta a chur i bhfeidhm ach trí chomhpháirtíocht agus comhoibriú dlúth le húdaráis áitiúla.
- A thábhachtaí agus atá obair na n-údarás áitiúla do Chosaint Shibhialta sa todhchaí.
- A thábhachtaí agus atá obair an Oifigigh Chosanta i ngach údarás áitiúil.

Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as seirbhísí Cosanta Sibhialta a sheachadadh ag leibhéal áitiúil tríd an Oifigeach Cosanta Sibhialta ar fostaí lán-aimseartha de chuid an údaráis é. Éascaítear an próiseas seo ag gach Údarás Áitiúil, as a gcuid acmhainní féin, trí sholáthar an bhonneagair chuí mar oifig, ionaid chruinnithe/thraenála agus saoráidí le haghaidh feithiclí agus trealaimh. Cé go n-íocann an Bord 70% den chaiteachas neamh-chaipitil a ceadaíodh, íocann an tÚdarás Áitiúil an chuid eile. Ceannaítear trealamh mar fheithiclí agus báid go lárnach agus de ghnáth maoinítear 100% iad ag an mBord agus tugtar ar iasacht d'údaráis áitiúla ar mhaithe le Cosaint Shibhialta iad.

Tá baint ag an Oifigeach Cosanta Sibhialta le pleanáil, eagrú agus earcú thar ceann Cosanta Sibhialta agus is é an nasc idir an saorálaí, an pobal, an túdarás áitiúil, an Feidhmeannas agus an Bord.

### *Airgeadas*

Ba é an deontas i gcabhair le caitheamh ar eagraíocht Cosanta Sibhialta i 2003 ná €4.323m. De ghnáth baintear feidhm as rud beag de bhreis ar thrian den bhuiséad chun seirbhísí gur cuid lárnach den eagraíocht iad a sholáthar. Ina measc seo tá cur ar fáil cúrsaí traenála agus cleachtaí náisiúnta, árachas, éadaí, feithiclí agus trealamh. Caitheadh an chuid is mó den airgead ar an deontas lárnach 70% do na húdaráis áitiúla chun seirbhísí Cosanta Sibhialta a oibriú go háitiúil. I 2003, cuireadh seo ag €2.681m. Agus dé réir sin, bhí an deontas áitiúil le haghaidh na seirbhísí seo, a íocann na húdaráis áitiúla, ag thart ar €1.149m.

Ó 2004 amach, maoineofar seirbhísí Cosanta Sibhialta trí dheontas i gcabhair ón Roinn Cosanta don Bhord um Chosaint Shibhialta. Chomh maith le bheith ag déanamh forála le haghaidh costais riaracháin agus eagrúcháin na heagraíochta náisiúnta (ar bhunús 70/30 leis na húdaráis áitiúla) mar a bhí i gceist

# 5 Acmhainní

go dtí seo, beidh ar an deontas i gcabhair ón Roinn costais riaracháin lárnaigh a thabhairt isteach a íocadh go dtí seo ó Bhuiséad Riaracháin na Roinne. Tugtar breis eolais faoi chúrsaí buiséid sa Tuarascáil Bhliantúil, áfach.

Tá aontaithe ag an Roinn don am atá i láthair roinnt seirbhísí riaracháin a bhaineann le híoc tuarastail, cuntais lucht trádála agus seirbhísí airgeadais eile a chur ar fáil.



## *Trealamh*

Tá réimse leathan de threalamh nua-aimseartha le fáil do Chosaint Shibhialta agus tá infheistithe go mór aice le blianta beaga nuas ar fhreastal riachtanais na heagraíochta maidir leis sin ó sholáthar bád, cadhac agus éadach cosanta le haghaidh na mball do bhusanna, otharchairr agus feithiclí thiomáint ceathair rotha.

Tá cabhlach de 287 feithiclí, 73 mótar-bháid agus 109 cadhac ag Cosaint Shibhialta i láthair na huaire.

Mar is léir ón gclár seo thíos tá méadú mór tagtha ar chaiteachas ar threalamh tríd is tríd tar éis an ghealltanais ó thaobh maoinithe i bPáipéar Bán 2000, den chuid is mó de ar rudaí a luaitear thuas agus ar uas-ghrádú trealaimh raidió:

| Bliain | Caiteachas |
|---|---|
| 1996 | €0.785m |
| 1997 | €0.806m |
| 1998 | €0.839m |
| 1999 | €0.672m |
| 2000 | €1.328m |
| 2001 | €1.258m |
| 2002 | €1.149m |
| 2003 | €1.002m |

# 5 Acmhainní

## Bonneagar

Tá an bonneagar náisiúnta atá ar fáil don Bhord faoi láthair bunaithe ag Scoil Cosanta Sibhialta, Teach Ratra, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath agus is éard atá i gceist ná:

- Áitreabh oifigí, saoráidí agus seomra tionóil.
- Léachtlann, seomraí cruinnithe agus áiseanna agus trealamh traenála.
- Túr cumarsáide, saotharlanna raidió agus trealamh.
- Raon traenála amuigh faoin aer agus foirgnimh thacaíochta éagsúla.
- Foirgneamh lárnach stórála le saoráidí.
- Líon beag feithiclí de chuid na Scoile, trealamh cothabhála, ionad páirceála agus ionad tionóil amuigh faoin aer.

Té sé i gceist againn saoráidí an árais nua i Ros Cré a thabhairt isteach in áit an ábhair thuas. I láthair na huaire beidh orainn cloí le cuid de na saoráidí i dTeach Ratra.

## Cumarsáid

Feidhmíonn Cosaint Shibhialta córas raidió neamhspleách náisiúnta agus cumarsáide, mar a cuireadh síos i gCaibidil 3 den cháipéis seo. Is cuid lárnach é an córas seo atá lonnaithe i Scoil Cosanta Sibhialta i dTeach Ratra. Tacaíonn an córas seo freisin le feidhmeanna Ceannais agus Smachta mar an gCeannáras Náisiúnta le haghaidh Cosanta Sibhialta le linn éigeandálaí móra agus éigeandálaí náisiúnta eile chomh maith le héigeandálaí raideolaíochta.

Mar an lárionad traenála le haghaidh Cosanta Sibhialta tá de bhonneagar ag an Scoil chun traenáil a chur ar fáil maidir le hiomaí cineál trealaimh raidió a fheidhmíonn Cosaint Shibhialta, mar atá MAA, MTA agus Raidió Mara.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go leanfar de chothabháil agus forbairt na saoráide seo in áras nua Ros Cré atá chomh riachtanach ar mhaithe le traenáil, cleachtadh agus oibriúchán i ngach ceantar údaráis áitiúil chomh maith le ceannas agus smacht ag leibhéal náisiúnta.

# Misean

"Cosaint Shibhialta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chothabháil mar eagraíocht éifeachtach atá bunaithe ar shaorálaithe agus a chuireann freagraí éigeandála agus seirbhísí mar thacaíocht leis an bpobal ar fáil".

# 6 Ár bhFís

## Ag cruthú :

- Eagraíocht a bhfuil meas air le foireann oilte cumasach ag tacú go mór leis na seirbhísí éigeandála agus leis an bpobal.

- Eagraíocht atá comhtháite go hiomlán i socruithe phleanáil éigeandála.

- Eagraíocht de chaighdeán idirnáisiúnta a bhfuil sé ina dhól mórtas dá cuid ballraíochta an pobal a fhreastal go deonach agus ina bhfuil ráchairt mhór chun ballraíocht a thabhairt amach.



# 6 Ár bhFís

## *Ár gCuid Luacha*

- Ag coinneáil meon dheonaigh na heagraíochta.
- Ag iompar le hionracas agus ag cloí leis na caighdeáin is airde maidir le hiompar agus gairmiúlacht.
- Ag forbairt dearcadh comhpháirtíochta inár gcuid déileála leis na baill, leis an bhfoireann agus le cliaint chun Cosaint Shibhialta a chur chun cinn.
- Ag feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde agus ag díriú ar thorthaí agus luach le haghaidh airgid, i seachadadh seirbhísí Cosanta Sibhialta.
- Ag aithint mar eagraíocht a bhíonn ag forbairt i gcónaí nach mór dúinn ár gcuid córas agus struchtúr a mheas go leanúnach agus a chinntiú go mbíonn an cleachtas is fearr ann.



# 6 Spriocanna Straitéiseacha

Chun feidhmeanna an Bhoird mar a mhínítear in Alt 8 den Acht um Chosaint Shibhialta 2002, oiread agus is féidir, a chomhlíonadh, rud a d'fhéadfaí a shonrú sna Spriocanna Straitéiseacha anseo thíos:

- Forbairt phleanáil agus bhainistiú cosanta sibhialta ag leibhéal náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun cinn agus, i gcomhar le húdaráis áitiúla, cur i bhfeidhm bhearta cosanta sibhialta ar mhaithe le faoiseamh agus tacaíocht éigeandála a éascú.

- Ról Cosanta Sibhialta mar sheirbhís dheonach éifeachtach maidir le seachadadh seirbhísí a chur chun cinn, mar thacaíocht leis na seirbhísí éigeandála, don phobal áitiúil agus cláir a bhfuil mar aidhm leo cur leis na seirbhísí sin a fhorbairt.

- Feidhm a bhaint as na hacmhainní ar fad atá le fáil dúinn mar Bhord chun earcú agus coinneáil baill Cosanta Sibhialta a chur chun cinn agus a gcuid cumais forbartha san eagraíocht a uasmhéadú.

- Comhairle a thabhairt don Aire Cosanta ar cheisteanna beartais a bhaineann le cúrsaí cosanta sibhialta agus tionscnaimh maidir leis sin a mholadh.

- Inchurtha agus aschurtha Cosanta Sibhialta uasmhéadú ón gCreat um Phleanáil Éigeandálaí Móra i gceantair/réigiúin údarás áitiúla agus an bhaint atá ag Cosaint Shibhialta i bpleanáil agus seachadadh éigeandála náisiúnta i gcomhar leis na Ranna, comhlachtaí agus áisíneachtaí ar fad a bhaineann le hábhar a uasmhéadú.

- Cinntiú go mbíonn an cleachtas is fearr ann maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm na gclár traenála de chuid Cosanta Sibhialta agus an bonneagar atá riachtanach chuige sin a sholáthar.

- Anailís a dhéanamh ar riachtanais seirbhísí na heagraíochta agus ar a cumas chun iad a sheachadadh fhad is atá ann don chéad Phlean Straitéiseach, ag tarraingt ó Phleananna Forbartha na gContaetha mar atá riachtanach ó gach Údarás Áitiúil de réir Alt 31 den Acht.

Is é ár n-aidhm bhunúsach fhad is atá ann don chéad Phlean freastal a dhéanamh ar riachtanais Cosanta Sibhialta agus na ngeallsealbhóirí chun an eagraíocht a chur in alt a ligfidh di a cumas forbartha iomlán a chomhlíonadh.

# Cur i bhFeidhm agus

Tá sé mar aidhm aige seo, an chéad Phlean Straitéiseach de chuid an Bhoird um Chosaint Shibhialta straitéiseacha leathana a leagan amach. Mar Bhord tuigeann muid má tá le héirí le cur i bhfeidhm na straitéisí seo go mbeidh gá le dúthracht agus dícheall ó na geallsealbhóirí ar fad in eagraíocht Cosanta Sibhialta i gcoitinne.

Agus muid ag cur an Phlean seo i dtoll a chéile, ghabh muid obair chomhairlithe de láimh freisin lena raibh baint ag Coistí an Bhoird, foireann atá agus a bhí ann, Oifigigh Cosanta Sibhialta agus baill de Chosaint Shibhialta chun a dtuairimí a fháil ar stádas na heagraíochta i láthair na huaire agus ar a bhfuil i ndán di. D'fhéach muid le torthaí na hoibre seo agus obair na hAnailíse de réir Timpeallachta (féach Caibidil 4) a chur in iúl cuimsitheach go leor agus muid ag forbairt straitéisí le haghaidh Cosanta Sibhialta.

Tuigeann muid freisin, le haghaidh tréimhse ar bith le linn don Phlean seo a bheith ann, nach bhfuiltear ach ag cur le chéile fós réimse iomlán na saoráidí agus na n-acmhainní agus go mbeidh tionchar aige seo ar ár gcumas chun an Plean mar ar glacadh leis ag an Aire é a chur i bhfeidhm go huile agus go hiomlán.

Tá muid dóchasach, mar sin féin, gur féidir na struchtúir eagrúcháin a bhfuil gá leo a chur in alt, le himeachta na haimsire atá i gceist ag an bPlean, chun a chinntiú gun déantar dul chun cinn ceart agus intomhaiste chun eagraíocht Cosanta Sibhialta níos fearr a sheachadadh.



# Monatóireacht

## Mórfhachtóirí Ratha

Is iad seo a leanas na príomhfhachtóirí a mbeidh tionchar acu ar ár gcumas ár gcuid strait'eisí agus spriocanna a chur i gcrích sa tréimhse atá i gceist faoin bPlean seo:

- Feidhm a bhaint as an réimse leathan de thaithí agus de shaineolas a atá le fáil dúinn laistigh agus lasmuigh araon.
- Ag cothabháil misneach saorálaithe i bpleananna na heagraíochta amach anseo.
- Ag baint amach leibhéal cuí de mhaoiniú chun 'ar gcuid spriocanna maidir le forbairt straitéiseach a bhaint amach.
- Aistriú réidh ó bheith ina heagraíocht Roinne go dtí an Bord nua.
- Cur i bhfeidhm an díláraithe go Ros Cré.



# 7 Monatóireacht agus Athbhreithniú

- Déanfar cláir bhliantúla oibre a ullmhú chun gur féidir breathnú ar chur i bhfeidhm straitéise agus baint amach spriocanna mar chleachtadh leanúnach, a mbeidh sé ina chumas a chinntiú go mbíonn athruithe maidir le fócas ann agus san am céanna go gcothaítear aireachtáil ghinearálta maidir le misean.

- Beidh ár dTuarascáil Bhliantúil mar an príomh-bhealach chun cur i bhfeidhm ár bPlean Straitéise a chur in iúl.



# Plean Straitéiseach go dtí 2007

# 7 Gníomhaíochtaí



| Cuspóirí | Straitéisí | Táscairí |
|---|---|---|
| **1. Bonneagar**<br><br>(Coistí uile le Feidhmeannas) | • Saoráid fheabhsaithe náisiúnta a bhunú ag an suíomh díláraithe i Ros Cré, pasáilte de réir Treoir Cliant an Bhoird agus na rudaí seo a leanas san áireamh:<br>❍ Áitreabh oifige agus saoráidí traenála.<br>❍ Túr cumarsáide agus comhthrealamh.<br>❍ Raon traenála agus foirgnimh thacaíochta.<br>❍ Lár-stór agus comhshaoráidí.<br>❍ Feithiclí, trealamh cothabhála, ionad páirceála agus ionad tionóil faoin aer. | ➢ Áitreabh oifige eatramhach réidh chun sealbhú faoi dheireadh 2004.<br>➢ Úsáid na saoráidí traenála atá ann faoi láthair a choinneáil ag feitheamh le críochnú na saoráide nua.<br>➢ 3 pasanna a mhínítear sa Treoir Cliant críochnaithe, ach dóthain maoinithe a bheith curtha ar fáil:<br>❍ Pas 1 – Riarachán agus coláiste traenála.<br>❍ Pas 2 – Saoráid thraenála faoin aer.<br>❍ Pas 3 - Cóiríocht. |
| | • Scuaidrín nua-aimseartha feithiclí agus bád a chothabháil a oireann do riachtanais Cosanta Sibhialta. | ➢ Athbhreithniú agus nuashonrú de réir na húsáide agus an chleachtais is fearr. |
| | • Trealamh a cheannach agus a eisiúint atá riachtanach le haghaidh oibriúcháin agus traenáil Cosanta Sibhialta mar a chinneann an Bord. | ➢ Athbhreithniú agus nuashonrú de réir na húsáide agus an chleachtais is fearr. |
| | • Cumas éifeachtach cumarsáide a fhorbairt le haghaidh cumarsáide laistigh agus lasmuigh. | ➢ Nuachóiriú leanúnach de chórais chumarsáide Cosanta Sibhialta. |
| **2. Athbhreithniú Róil ag Leibhéal Náisiúnta**<br><br>(Coiste P, D&R le Coistí Eile & Feidhmeannas) | • Tús a chur le próiseas comhairlithe ag leibhéal náisiúnta leis na príomh-chomhlachtaí a bhfuil baint acu le Cosaint Shibhialta. | ➢ Cruinnithe a reáchtáladh le Ranna Rialtais, Áisíneachtaí de chuid an Stáit agus leis na príomh-sheirbhísí éigeandála. |
| | • Comhaontuithe a fhoirmiúlú mar Mheabhráin Thuisceana le comhlachtaí náisiúnta maidir le húsáid seirbhísí Cosanta Sibhialta. | ➢ Meabhráin Thuisceana a bheith aontaithe le d'aon intinn. |
| | • Iarracht a dhéanamh go gcuirfí Cosaint Shibhialta san áireamh ag an leibhéal is airde nuair a bhíonn comhlachtaí náisiúnta ag foirmliú nó ag athbhreithniú na bpleananna éigeandála dá gcuid féin. | ➢ Páirt a ghlacadh i bpleanáil náisiúnta. |
| | • An cheist maidir le cumas freagra ag leibhéal náisiúnta a iniúchadh. | ➢ Cinneadh déanta roimh dheireadh 2006. |



# 7 Gníomhaíochtaí

| Cuspóirí | Straitéisí | Táscairí |
|---|---|---|
| **3. Athbhreithniú Róil ag leibhéal áitiúil**<br><br>(Coiste P, D&R le Coistí Eile & Feidhmeannas) | • Tús a chur le próiseas comhairlithe le húdaráis áitiúla maidir le hionchur Cosanta Sibhialta i bhfoirmliú a bplean éigeandála agus aschur mar atá riachtanach ag leibhéal áitiúil.<br><br>• Forbairt comhaontuithe idir áisíneachtaí tarrthála idir reachtúil agus deonach agus le geallsealbhóirí eile, faoi réir cead an údaráis áitiúil. Dhéanadh a leithéid de chomhaontuithe:<br>❍ Cumas gníomhaithe le haghaidh Cosanta Sibhialta leis na príomh-sheirbhísí éigeandála áitiúla a shainmhíniú, i gcomhairle leis an údarás áitiúil, ag cur riachtanas áitiúla san áireamh.<br><br>• Feidhmeanna a ghabháil de láimh de réir Alt 31 den Acht maidir le comhairle agus treorú d'údaráis áitiúla chun a gcuid pleananna forbartha a ullmhú. | ➢ Dul i gcomhairle le húdaráis áitiúla chun aontú go dtabharfar Cosaint Shibhialta mar chuid de phróiseas na pleanála éigeandála.<br><br>➢ Saothrú i dtreo comhaontuithe idir Chosaint Shibhialta agus áisíneachtaí áitiúla eile idir dheonach agus reachtúil a thabhairt chun críche agus a athbhreithniú faoi dheireadh 2005.<br><br>➢ Pleananna forbartha a fuarthas ó údaráis áitiúla agus á athbhreithniú faoi dheireadh 2005. |
| **4. Athbhreithniú Róil ag Leibhéal Réigiúnach**<br><br>(Coiste P, D&R le Coistí Eile & Feidhmeannas) | • Iniúchadh a dhéanamh ar thabhairt isteach gné réigiúnach don eagraíocht a bhí i bhfeidhm suas go dtí na 1990í a fheidhmeoidh mar:<br>❍ Foinse comhchabhrach & comhthaca-íochta do na húdaráis gur baill i réigiún iad.<br>❍ Pointe comhtheagmhála le haghaidh díospóireachta, ionchurtha agus roinnt eolais le húdaráis eile.<br>Faoi threorú Coláiste CD/Ceannárais: -<br>❍ Seachadadh cúrsaí traenála réigiúnacha.<br>❍ Eagrú agus cur i bhfeidhm bearta i gcomhar leis na seirbhísí éigeandála.<br>❍ Reáchtáil comórtas réigiúnacha. | ➢ Struchtúr nua Réigiúnach curtha in áit faoi dheireadh 2006, tar éis thorthaí an iniúchtha. |
| **5. Lucht deonach**<br><br>(Coiste P, D&R le Coistí Eile & Feidhmeannas) | • Meicníochtaí a chur i bhfeidhm chun baill dheonacha a thoghadh ar Choistí deonacha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun:<br>❍ Baill dheonach a thoghadh ar an mBord amach anseo agus cibé gníomhaíochtaí eile a chinneann an Bord.<br><br>• Bunú clár de bhaill Cosanta Sibhialta i ngach ceantar údaráis áitiúil a éascú.<br><br>• Rialacháin a bhunú maidir le hearcú agus coinneáil ball agus coinníollacha a bhaineann leis na híoschaighdeáin oiliúna.<br><br>• Cláir a fhorbairt maidir le hearcú ball nua agus coinneáil ball atá ann faoi láthair trí thús a chur le slí shainmhínithe ar mhaithe le dul chun cinn laistigh den eagraíocht. | ➢ Reáchtáladh an chéad chruinniú den Choiste Náisiúnta go luath i 2005.<br><br>➢ Clár ball bunaithe go déanach i 2005.<br><br>➢ Feabhsú maidir le cáilíochtaí agus scileanna a fhaigheann baill.<br><br>➢ Líon na mball nua a earcaíodh.<br><br>➢ Cláir chuí curtha i dtoll a chéile. |

# 7 Gníomhaíochtaí





| Cuspóirí | Straitéisí | Táscairí |
|---|---|---|
| **6. Athbhreithniú ar Chláir**<br>(Coistí uile le Feidhmeannas) | • Athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí uile Cosanta Sibhialta atá ann faoi láthair, ag cur treoirlínte beartais ó thaobh tacú leis na príomh-sheirbhísí agus leis an bpobal san áireamh.<br>• Mion-iniúchadh a dhéanamh faoi na gníomhaíochtaí nach foláir iad a fhorbairt nó a athbheochan tar éis comhairlithe ag leibhéal náisiúnta/áitiúil. | ➢ Cuireadh tuarascáil i dtoll a chéile faoin athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Cosanta Sibhialta.<br>➢ Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Cosanta Sibhialta faoi láthair curtha i gcrích faoi dheireadh 2006. |
| **7. Cláir Traenála**<br>(Coiste E&T le Coistí eile & Feidhmeannas) | • Tús a chur le cláir traenála le haghaidh ball Cosanta Sibhialta ceangailte go díreach le gníomhaíochtaí ceadaithe gur glacadh leo agus ag eascairt uathu.<br>• An bonneagar is gá maidir le acmhainní daonna agus saoráidí a fhorbairt lena chinntiú go ndéantar agus go gcuirtear na cláir sin i bhfeidhm.<br>• Clár de thraenáil Cosanta Sibhialta le haghaidh CDOí a fhorbairt. | ➢ Athbhreithniú ar Chláir thraenála de réir an chleachtais is fearr.<br>➢ Lán-líon teagascóirí faoi 2006.<br>➢ Moltaí/treoirlínte maidir le cláir thraenála le haghaidh CDOí d'údaráis áitiúla faoi lár na bliana 2006. |
| **8. Deimhniú Cúrsaí**<br>(Coiste E&T le Coistí eile & Feidhmeannas) | • Clár traenála módúlaithe do lucht deonach a fhorbairt a dtiocfaidh deimhniú cúrsaí as. | ➢ Clár Tosaigh i bhfeidhm faoi dheireadh 2005. |
| **9. Beartas Cuimsitheach Acmhainní Daonna**<br>(Coiste H, S&P le Coistí eile agus Feidhmeannas) | • Beartas Cuimsitheach Acmhainní Daonna d'fhoireann Fheidhmiúcháin an Bhoird a fhorbairt, lena n-áirítear:<br>❍ Forbairt agus Cur i bhFeidhm córas páirtíochta agus PMDS.<br>❍ Cinntiú go dtabharfar isteach foireann ag gach leibhéal de phróiseas na bainistíochta straitéisí agus na pleanála tionscadail.<br>❍ Cultúr de chúram custaiméirí a chothabháil go hinmheánach agus go heachtrach.<br>❍ Soláthar na cabhrach agus na seirbhísí tacaíochta a bhfuil gá leo chun an fhoireann a choinneáil agus a fhorbairt.<br>❍ Córas cuimsitheach Sláinte & Sábháilteachta a bhunú le haghaidh na foirne, cláir traenála agus saoráidí Ceannárais bunaithe ar an gcleachtas is fearr. Ar an mbealach céanna, údaráis áitiúla a chur chun cinn agus a chomhairliú maidir le sláinte agus sábháilteacht le haghaidh comhaltaí eile den eagraíocht. | ➢ Beartas i bhfeidhm chun an cleachtas is fearr maidir le bainistíocht agus forbairt foirne a chinntiú.<br>➢ Tús le cuairt PMDS ó Eanáir 2005 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.<br>➢ Plean Gníomhaíochta Sheirbhísí Custaiméirí curtha le chéile faoi dheireadh 2005.<br>➢ Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta glactha leis ag an mBord faoi lár na bliana 2005.<br>➢ Córais nua Sláinte & Sábháilteachta i bhfeidhm faoi lár na bliana 2006. |

# 7 Gníomhaíochtaí

| Cuspóirí | Straitéisí | Táscairí |
|---|---|---|
| **10. Ceannas agus Smacht**<br><br>(P, D&R & Coistí eile le Feidhmeannas) | • Athbhreithniú ar an tuarascáil faoi cheannas agus smacht faoi láthair a thabhairt ar aghaidh. | ➢ Bunú aon chórais chomhtháite amháin maidir le Ceannas agus Smacht faoi dheireadh 2006. |
| **11. Cumarsáid agus Margaíocht**<br><br>(Coistí uile le Feidhmeannas) | • Straitéis éifeachtach margaíochta agus cumarsáide a dhearadh agus a fhorbairt. | ➢ Cumarsáid curtha le chéile ag plé cur chun cinn, teagmháil na meán agus scaipeadh eolais faoi lár na bliana 2005.<br>➢ Forbairt leanúnach ar an suíomh Gréasáin.<br>➢ Ceapadh Ard-oifigeach Cosanta Sibhialta de réir Alt 36 den Acht. |
| **12. Nósanna imeachta Bainistíochta**<br><br>(H, S&P & Iniúchadh le Coistí eile agus Feidhmeannas) | • Nósanna imeachta bainistíochta laistigh den Fheidhmeannas a athbhreithniú de réir riachtanais Acht na Cosanta Sibhialta 2002, Cód an Chleachtais le haghaidh Rialú Comhlachtaí Stáit agus an Phlean Straitéisigh.<br>• Córais fhardail, ceannaigh agus dáiliúcháin a athbhreithniú de réir an chleachtais is fearr agus cur i bhfeidhm córas MIF.<br>• Córas cuimsitheach TF a fhorbairt a oireann do riachtanais an Bhoird. | ➢ Cur i bhfeidhm an chleachtais is fearr in áiteanna mar riarachán, traenáil, airgeadas/earcú agus iniúchadh laistigh den Fheidhmeannas.<br>➢ Córais athbhreithnithe mar a leagadh amach ag Coiste H,S & P faoi dheireadh 2005.<br>➢ Córas nua TF á fhorbairt faoi dheireadh 2005. |
| **13. Bainistiú Airgeadais**<br><br>(H, S&P & Iniúchadh le Coistí eile agus Feidhmeannas) | • Beartas bhainistiú airgeadais a fhorbairt agus córas iniúchta inmheánach a chur i bhfeidhm de réir Cód an Chleachtais le haghaidh Rialachán Comhlachtaí Stáit agus na nósanna imeachta a leagadh síos ag Oifig an Ard-Reachtaire agus Cuntas na Ciste.<br>• Córas MIF don Seirbhís Phoiblí a chur i ngníomh. | ➢ Córas iniúchta i bhfeidhm faoi dheireadh 2005.<br>➢ Cur i bhfeidhm leanúnach Córas MIF laistigh de chreat an Phlean. |




DEFENCE




# Aguisín 1

## *Feidhmeanna an Bhoird um Chosaint Shibhialta mar a leagadh amach i Alt 8(1) den Acht um Chosaint Shibhialta 2002*

8 (1) Is iad feidhmeanna an Bhoird ná-

a) pleanáil agus bainistíocht cosanta sibhialta a chur chun cinn agus a thacú ag leibhéal náisiúnta agus, i gcomhar le húdaráis áitiúla, cur i bhfeidhm bearta cosanta sibhialta a éascú ar mhaithe le faoiseamh agus tacaíocht éigeandála;

b) cosaint shibhialta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chothabháil mar sheirbhís dheonach éifeachtach mar thacaíocht leis na seirbhísí éigeandála;

c) ról na cosanta sibhialta maidir le soláthar seirbhísí, mar thacaíocht leis na seirbhísí éigeandála, don phobal áitiúil a chur chun cinn agus, ar an ábhar sin, cláir a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm leo cur leis na seirbhísí sin;

d) i dtaca leis na húdaráis áitiúla de, comhoibriú agus comhordú a gcuid imeachtaí le húdaráis áitiúla eile a chur chun cinn, chun go gcinnteofar éifeachtacht agus barainneacht i ngníomhú a gcuid feidhmeanna a bhaineann le cosaint shibhialta;

e) i dtaca le pleananna ar bith, cé ar bith conas mar a dhéantar cur síos orthu, a bhaineann le bainistíocht éigeandálaí ag leibhéal náisiúnta a ullmhaítear agus a ghlactar leo ag aon Aire Stáit, áisíneachtaí de chuid an Stáit nó ag aon chomhlachtaí eile a mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí le cosaint shibhialta, forbairt, cothabháil agus feabhsú na rudaí seo a leanas a bhunú agus a chur chun cinn-

   (i) cláir oideachais agus traenála mar gheall ar chosaint shibhialta lena n-áirítear cláir a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht,

   (ii) eolas, scil agus cumas na ndaoine sin a ghlacann páirt i gcur i bhfeidhm bearta cosanta sibhialta, agus

   (iii) trealamh a úsáidtear le haghaidh cosanta sibhialta;

f) feasacht an phobail a chur chun cinn agus eolas comhordaithe a scaipeadh don phobal maidir le cosaint shibhialta agus cláir eolais a reáchtáil don phobal maidir le bearta coisctheacha a bhfuil sé d'aidhm leo tionchar éigeandálaí ar dhaoine nó ar mhaoin a mhaolú;

g) plean straitéiseach a ullmhú agus glacadh leis, de réir *alt 30*, i dtaca le forbairt cosanta sibhialta amach anseo agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean;

h) eolas a thabhairt don Aire maidir leis na rudaí seo a leanas nó le ceann ar bith acu:

   (i) aon cheisteanna beartais a bhaineann le feidhmiú agus forbairt cosanta sibhialta amach anseo a d'fhéadadh an tAire iarraidh nó atá cuí i dtuairim an Bhoird;

   (ii) cur i bhfeidhm bearta a mheastar a bheith riachtanach ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach na cosanta sibhialta;

   (iii) aon cheist eile a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird mar a mheasann an Bord a bheith cuí nó mar a iarrtar ag an Aire;

i) taighde faoi cheisteanna a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird a choinneáil agus iarraidh agus chuige seo-

   (i) teagmháil agus malartú eolais le foráis oideachais agus thaighde agus comhlachtaí eile a bhfuil baint acu le cosaint shibhialta laistigh agus lasmuigh den Stát a chothú agus a chur chun cinn, agus

   (ii) de réir mar a mheasann sé a bheith cuí, torthaí a eascraíonn as an taighde sin a fhoilsiú sa chruth agus ar an mbealach a mheasann an Bord a bheith oiriúnach;

# Aguisín 1 (ar lean)

j) i bpáirt le hAirí Stáit, áisíneachtaí Stáit nó le comhlachtaí eile a mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí le cosaint shibhialta, ag cuimhneamh ar phleananna eile a bhfuil tagairt déanta dóibh i *mír (e)*, páirt a ghlacadh i bhforbairt bearta cosanta sibhialta, i gcomhar le stáit eile;

k) i gcomhar le húdaráis áitiúla, earcú daoine chun tascanna cosanta sibhialta a tharraingt amach a chur chun cinn agus nósanna imeachta chun na daoine sin a chlárú a bhunú;

l) cóid iompair ghairmiúil le haghaidh ball cosanta sibhialta a bhunú, a athbhreithniú agus a chothabháil;

m) eolas a thabhairt do dhaoine a d'fhéadadh an tAire sonrú ó am go chéile mar gheall ar cheist ar bith a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird;

n) eolas agus cabhair a thabhairt don stiúrthóir ginearálta chun a c(h)uid feidhmeanna a chur i gcrích;

o) cloí le haon treorú ginearálta maidir le beartas a d'fhéadadh an tAire, ó am go chéile, tabhairt don Bhord;

p) aon fheidhmeanna breise a tugadh don Bhord ar ordú faoi *fho-alt (4)* a chomhlíonadh.



# Aguisín 2

## An Chéad Bhord um Chosaint Shibhialta 2002 - 2005

| | |
|---|---|
| An tUas. Patrick J. Cooney (Cathaoirleach) | Muintir Uí Ghliasáin, Baile Formaid, Baile Átha Cliath |
| An Cr. Paddy Durack | CCU Dhurlas Éile, Durlas Éile, Co. Thiobraid Árann |
| An Cr. Margaret Adams | Comhairle Chontae Mhaigh Eo, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo |
| An tUas. Gerry Gervin (Stiúrthóir Ginearálta) | Ceannáras Cosanta Sibhialta, Páirc an Fhionnuisce |
| An tUas. Ned Gleeson | Bainisteoir Contae, Comhairle Chontae Luimnigh |
| An tUas. Seán Hogan | Ard-chomhairleoir Tine, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath |
| An Dr. Ann McGarry | Príomh-oifigeach Feidhmiúcháin, Institiúid Chosaint Raideolaíochta na hÉireann |
| An tUas. Declan Burns | Iar-Leas-stiúrthóir Ginearálta, Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| An tUas. Tony Kelly | Dún Droma, Baile Átha Cliath |
| An tUas. Michael Fitzsimons | Ainmnithe ag Cumann na nOifigeach Cosanta Sibhialta |
| An Comdt. Kevin Houston | Stiúrthóireacht Innealtóireachta, Fórsaí Cosanta, Beairic Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath |
| An tArd-Cheannfort John T. Farrelly | Biúró Náisiúnta Tráchta na nGardaí, Ceannáras na nGardaí, Baile Átha Cliath |
| Frances iníon Moynihan | Saorálaí Cosanta Sibhialta, Co. Phort Láirge |
| Irene iníon O'Meara, | Ceannáras Cosanta Sibhialta, Páirc an Fhionnuisce |
| An Dr. Michael P. Ryan<br>An Coirnéal Michael Cleary<br>An tArd-Cheannfort Denis Fitzpatrick | Iarbhaill an Bhoird um Chosaint Shibhialta |

## Coistí de chuid an Bhoird 2003 - 2005

*Pleanáil, Forbairt agus Earcú*

| | |
|---|---|
| An tUas. Ned Gleeson (Cathaoirleach) | Bainisteoir Contae, Comhairle Chontae Luimnigh |
| An tUas. Seán Hogan | Ard-chomhairleoir Tine, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath |
| Frances iníon Moynihan | Saorálaí Cosanta Sibhialta, Co. Phort Láirge |
| An tUas. Dan O'Sullivan | Iar-leasbhainisteoir, Comhairle Chontae Dheisceart Átha Cliath |
| An tUas. Michael Fitzsimons | Oifigeach Cosanta Sibhialta, Comhairle Chontae na Mí |
| An tUas. Paul Crowe | Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Luimnigh |
| An tArd-Cheannfort John T. Farrelly | Biúró Náisiúnta Tráchta na nGardaí, Ceannáras na nGardaí, Baile Átha Cliath |
| An tArd-Cheannfort Denis Fitzpatrick | Iarbhall den Choiste |

*Oideachas & Traenáil*

| | |
|---|---|
| An Dr. Ann McGarry (Cathaoirleach) | Príomh-oifigeach Feidhmiúcháin, Institiúid Chosaint Raideolaíochta na hÉireann |
| An tUas. Edmond Cooney | Oifigeach Cosanta Sibhialta, Comhairle Chontae Dheisceart Thiobraid Árann |
| An tUas. Barry Healy | Bainisteoir, Avocent, Sionna, Co. an Chláir |
| Irene iníon O'Meara | Ceannáras Cosanta Sibhialta, Páirc an Fhionnuisce |
| An tUas. Patrick Dooley | Cnoc Loinge, Co. Luimnigh |
| An Dr. Suzanne McGurry | Roinn A&E, Ospidéal Shéamuis Naofa, Baile Átha Cliath |
| Vincent McCarthy | Leas-stiúrthóir, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh |

*Sláinte, Sábháilteacht & Ceannach*

| | |
|---|---|
| An tUas. Tony Kelly (Cathaoirleach) | Dún Droma, Baile Átha Cliath |
| An tUas. John Moriarty | Leas-Oifigeach Cosanta Sibhialta, Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath |
| Phyllis iníon O'Halloran | Oifigeach Cosanta Sibhialta, Comhairle Chontae Luimnigh. |
| An tUas. Matt Donnelly | Stiúrthóir, Údarás Réigiúnach na Teorann, Teach Áth Barra, An Cabhán |
| An Comdt. Kevin Houston | Stiúrthóireacht Innealtóireachta, Fórsaí Cosanta, Beairic Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath |
| An tUas. Seamus Dooley | Iar-Bhainisteoir, Comhairle Chontae Loch Garman |
| An Coirnéal Michael Cleary | Iarbhall agus Iarchathaoirleach den Choiste |

*Iniúchadh*


| | |
|---|---|
| An tUas. Declan Burns (Cathaoirleach) | Iar-Leas-stiúrthóir Ginearálta, Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| An Cr. Margaret Adams | Comhairle Chontae Mhaigh Eo, Cathair na Mart, Co Mhaigh Eo |
| An tUas. Philip Ryan | Dlíodóir, An tAonach, Co. Thiobraid Árann |
| An tUas. Patrick O'Sullivan | Loch Goir, Co. Luimnigh |
| An Cr. Paddy Durack | CCU Dhurlas Éile, Durlas Éile, Co. Thiobraid Árann |
| An tUas. John Lupton, | Ros Cré, Co. Thiobraid Árann |
| An tUas. Fergus Mulcahy | An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí |

## Bord um Chosaint Shibhialta 2005 - 2008

| | |
|---|---|
| An tUas. Joseph Meagher (Cathaoirleach) | Úlla, Contae Luimnigh |
| Kay iníon Caball | Luimneach |
| An tUas. Oliver O'Loughlin | Stiúrthóirí Seirbhísí, Comhairle Cathrach Luimnigh. |
| An tUas. Gerry Gervin (Stiúrthóir Ginearálta) | Ceannáras Cosanta Sibhialta, Páirc an Fhionnuisce |
| An tUas. Ned Gleeson | Bainisteoir Contae, Comhairle Chontae Luimnigh |
| An tUas. Seán Hogan | Ard-chomhairleoir Tine, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath |
| An Dr. Barbara Rafferty | Ainmnithe ag An Institiúid Chosaint Raideolaíochta na hÉireann |
| Majella iníon Byrne | Ainmnithe ag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| An tUas. Tony Kelly | Dún Droma, Baile Átha Cliath |
| Gabrielle iníon Willis | Ainmnithe ag Cumann Oifigeach Cosanta Sibhialtaon |
| An Comdt. Kevin Houston | Stiúrthóireacht Innealtóireachta, Fórsaí Cosanta, Beairic Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath |
| An tArd-Cheannfort John T. Farrelly | Biúró Náisiúnta Tráchta na nGardaí, Ceannáras na nGardaí, Baile Átha Cliath |
| An tUas Gerry Naylor | Saorálaí Cosanta Sibhialta, Contae Mhaigh Eo |
| Róisín iníon McGuire | Cosaint Shibhialta, Ros Cré, Contae Thiobraid Árann |

# Aguisín 3

***Struchtúr Cosanta Sibhialta***



# Aguisín 4

## *Oifigigh Cosanta Sibhialta/Oifigigh Chúnta Cosanta Sibhialta*

| UDARÁS ÁITIÚIL | OIFIGEACH COSANTA SIBHIALTA | Fón | Facs | Ríomhphost |
|---|---|---|---|---|
| **CEATHARLACH** | An tUas. Seamus Grogan<br>Stáisiún Dóiteáin, Comhairle Chontae Cheatharlach,<br>An Lána Glas, Ceatharlach | (059) 9131144<br><br>(087) 2505438 | (059) 9142120 | sgrogan@carlowcoco.ie |
| | An tUas. Padraig Cahill A.C.D.O<br>Comhairle Chontae Cheatharlach, Bóthar Áth Í, Ceatharlach | (059) 9170352<br>(087) 2432651 | (059) 9141503 | pcahill@carlowcoco.ie |
| **AN CABHÁN** | An tUas. Noel Burke<br>Comhairle Chontae an Chabháin, Teach na Cúirte, An Cabhán | (049) 4372004<br>(087) 6793524 | (049) 4372943 | nburke@cavancoco.ie |
| | An tUas. John McDermott A.C.D.O | (049) 4331799 folíne 391<br>(087) 2346492 | (049) 4361565 | jmcdermott@cavancoco.ie |
| **AN CLÁR** | An tUas. Liam Griffin<br>Ceannáras CS Chontae an Chláir, Páirc Thionscadail<br>Chluain Ráda, Bóthar Uí Choinn, Inis, Co. an Chláir. | (065) 6846249<br><br>(087) 2615560 | (065) 6820597 | lgriffin@clarecoco.ie |
| **COMHAIRLE CHATHAIR CHORCAÍ** | An tUas. John Ryan<br>Comhairle Chathair Chorcaí, LárStáisiún Dóiteáin,<br>Sráid Anglesea, Corcaigh | (021) 4966333<br><br>(086) 2520681 | (021) 4310745 | john_ryan@corkcity.ie |
| | Veronica iníon Forde A.C.D.O<br>Ceannáras CS Chathair Chorcaí, An Cuarbhóthar ó Thuaidh,<br>Baile Bheoláin, Corcaigh | (021) 4288400<br>(086) 2520681 | (021) 4288482 | veronica_forde@corkcity.ie |
| **CORCAIGH Ó THUAIDH** | An tUas. John Maunsell<br>Comhairle Chontae Chorcaí, Annabella, Mala, Co. Chorcaí | (022) 30404<br>(087) 2557907 | (022) 21889 | john.maunsell@corkcoco.ie |
| **CORCAIGH THEAS** | An tUas. Garry O'Leary<br>Comhairle Chontae Chorcaí, Bóthar Nua, Cion tSáile, Co. Chorcaí | (021) 4774949<br>(087) 2521824 | (021) 4774916 | garry.oleary@corkcoco.ie |
| **IARTHAR CHORCAÍ** | An tUas. Seamus O'Mahony<br>Comhairle Chontae Chorcaí, Lárionad Cosanta Sibhialta,<br>An tSráid ó Thuaidh, An Sciobairín, Co. Chorcaí | (028) 21452<br><br>(086) 2595980 | (028) 22192 | seamus.omahony@corkcoco.ie |
| **DÚN NA nGALL** | Edel iníon Wilson<br>Comhairle Chontae Dhún na nGall, Lárionad Cosanta Sibhialta,<br>Bóthar an Phiarsaigh, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall | (074) 9122315<br><br>(087) 2386579 | (074) 9125712 | ewilson@donegalcoco.ie |
| **COMHAIRLE CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH** | Ms. Jessie iníon Walsh<br>Rannóg CS, Esplanade Stores, Cé Wolfe Tone, Baile Átha Cliath 7 | (01) 6772699<br>(086) 8150279 | (01) 6772511 | jessie.walsh@dublincity.ie |
| | An tUas. John Moriarty A.C.D.O.<br>An tUas. Joe Campbell A.C.D.O<br>An tUas. Bill Powderly (Sealadach) A.C.D.O | (086) 8150276<br>(086) 8150278<br>(086) 2585360 | | john.moriarty@dublincity.ie<br>joseph.campbell@dublincity.ie<br>bill.powderly@dublincity.ie |
| **GAILLIMH** | An tUas. Tom Casserly<br>Comhairle Chontae na Gaillimhe, Stáisiún Dóiteáin,<br>Bóthar an Athar Ó Gríofa, Gaillimh | (091) 583396<br><br>(087) 6888422 | (091) 587378 | tcasserly@galwaycoco.ie |
| **CIARRAÍ** | An tUas. Michael Forrest<br>Comhairle Chontae Chiarraí, Ceannáras Briogáid Dóiteáin,<br>Baile Úna, Trá Lí, Co. Chiarraí | (066) 7123111<br><br>(087) 2578899 | (066) 7122885 | mforrest@kerrycoco.ie |
| | An tUas. Thomas Brosnan A.C.D.O | (066) 7128500<br>(087) 6694011 | | tbrosnan@kerrycoco.ie |
| **CILL DARA** | Patricia iníon McNeela<br>Comhairle Chontae Chill Dara, Stáisiún Dóiteáin, Cill Droichid,<br>Co. Chill Dara | (045) 431370<br><br>(087) 2570506 | (045) 432530 | pmcneela@kildarecoco.ie |
| **CILL CHAINNIGH** | An tUas. Noel Bourke<br>Comhairle Chontae Chill Chainnigh, Teach na Cúirte,<br>Cill Chainnigh | (056) 7763330<br>(087) 2601189 | (056) 7761284 | noel.bourke@kilkennycoco.ie |
| **LAOIS** | An tUas. Liam Preston<br>Comhairle Chontae Laoise, Port Laoise, Co. Laoise | (0502) 64000<br>(087) 9273688 | (0502) 22633 | lpreston@laoiscoco.ie |
| **LIATROIM** | An tUas. Brian Sweeney<br>Comhairle Chontae Liatroma, Halla an Bhaile, Sráid an Droichid,<br>Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma | (071) 9650492<br><br>(087) 8311219 | (071) 9621928 | briansweeney@leitrimcoco.ie |

# Aguisín 4 (ar lean.)

## *Oifigigh Cosanta Sibhialta/Oifigigh Chúnta Cosanta Sibhialta*

| UDARÁS ÁITIÚIL | OIFIGEACH COSANTA SIBHIALTA | Fón | Facs | Ríomhphost |
|---|---|---|---|---|
| CATHAIR LUIMNIGH | An tUas. Pat McNamara<br>Comhairle Chathair Luimnigh, Stáisiún Dóiteáin,<br>Sráid Mulgrave, Luimneach | (061) 415799<br>(061) 311322<br>(086) 2591692 | (061) 414317 | pmcnamara@limerickcorp.ie |
| CONTAE LUIMNIGH | An tUas. Jos Kirby<br>Comhairle Chontae Luimnigh, Halla an Chontae,<br>Tuar an Daill, Luimneach | (061) 496431<br><br>(086) 6095344 | (061) 496014 | jkirby@limerickcoco.ie |
| AN LONGFORT | An tUas. John Martin<br>Comhairle Chontae Longfoirt, Bord Sláinte,<br>Bóthar Átha Cliath, An Longfort | (043) 46228<br>(087) 2627175 | (043) 45842 | loncd@iol.ie |
| LÚ | An tUas. Greg Flanagan<br>Comhairle Chontae Lú, Ionad Dhoiminic Naofa,<br>Bóthar na Carraige, Dún Dealgan, Co. Lú | (042) 9332272<br>(086) 2532200 | (042) 9337005 | greg.flanagan@louthcoco.ie |
| | An tUas. James Neary (Gníomhach) | (087) 2665679 | | civildefence@louthcoco.ie |
| MAIGH EO | An tUas. John Maughan<br>Comhairle Chontae Mhaigh Eo, Áras an Chontae,<br>Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo | (094) 9024400<br>(087) 2901327 | (094) 9023842 | jmaughan@mayococo.ie |
| AN MHÍ | An tUas. Michael Fitzsimons<br>Comhairle Chontae na Mí, Halla an Chontae, An Uaimh,<br>Co. na Mí | (046) 9097214<br>(087) 2450062 | (046) 9021463 | mfitzsimon@meathcoco.ie |
| MUINEACHÁN | An tUas. Brendan Buckley<br>Comhairle Chontae Mhuineacháin, An Gleann, Muineachán | (047) 38147/81100<br>(087) 6349034 | (047) 82977 | bbuckley@monaghancoco.ie |
| UÍBH FHAILÍ | An tUas. E.A. (Tony) Colville<br>Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, Lárstáisiún Dóiteáin,<br>An Tulach Mhór, Uíbh Fhailí | (0506) 27410<br>(087) 2428018 | (0506) 51524 | tcolville@offalycoco.ie |
| | An tUas. Denis Canty A.C.D.O | (0506) 27416<br>(087) 2047694 | | dcanty@offalycoco.ie |
| ROS COMÁIN | An tUas. Raymond Dunne<br>Comhairle Chontae Ros Comáin, Teach na Cúirte, Ros Comáin | (090) 6637206<br>(087) 9078854 | (090) 6626310 | rdunne@roscommoncoco.ie |
| SLIGEACH | Marion iníon Davis<br>Ceannáras Cosanta Sibhialta, Aonad 9, Páirc Thionscadail<br>Cleveragh, Sligeach | (071) 9142702<br>(087) 2522190 | (071) 9144036 | mdavis@sligococo.ie |
| TUAISCEART THIOBRAID ÁRANN | An tUas. Anthony Graham<br>Comhairle Chontae Thuaisceart Thiobraid Árann,<br>Oifigí an Chontae, Bóthar Luimnigh, An tAonach,<br>Co. Thiobraid Árann | (067) 44502/3<br>(087) 2651333 | (067) 33999 | agraham@northtippcoco.ie |
| DEISCEART THIOBRAID ÁRANN | Dolores iníon Fahey<br>Comhairle Chontae Dheisceart Thiobraid Árann,<br>Lárionad Cosanta Sibhialta, Bóthar Heywood, Cluain Meala,<br>Co. Thiobraid Árann | (052) 25888<br>(087) 2435001 | (052) 23339 | dolores.fahey@southtippcoco.ie |
| CONTAE PHORT LÁIRGE | An tUas. Colm Bannon<br>Comhairle Chontae Phort Láirge, Machinery Yard,<br>Dún Garbháin, Co. Phort Láirge | (058) 22012<br>(087) 6860702 | (058) 43278 | cbannon@waterfordcoco.ie |
| CATHAIR PHORT LÁIRGE | An tUas. Tony Gleeson<br>Comhairle Chathair Phort Láirge, Stáisiún Dóiteáin,<br>Sráid Chatríona, Port Láirge | (051) 875555 / 872656<br>(087) 6792248 | (051) 872159 | agleeson@waterfordcity.ie |
| AN IARMHÍ | An tUas. Brian Gillen<br>Comhairle Chontae na hIarmhí, Áras an Chontae,<br>An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí | (044) 48715<br>(087) 2546033 | (044) 43231 | bgillen@westmeathcoco.ie |
| LOCH GARMAN | Gabrielle iníon Willis<br>Comhairle Chontae Loch Garman, Halla an Chontae,<br>Loch Garman | (053) 65061/42211<br>(087) 2546024 | (053) 22150 | gabrielle.willis@wexfordcoco.ie |
| CILL MHANTÁIN | An tUas. Bill Downes<br>Comhairle Chontae Chill Mhantáin, Ceannáras CS,<br>Áras an Chontae, Cill Mhantáin | (0404) 67402<br>(086) 8183358 | (0404) 68235 | wdownes@wicklowcoco.ie |

## An Bord Cosanta Sibhialta

Arna fhoilsiú ag:

An Bord Cosanta Sibhialta
Ros Cré
Co. Thiobraid Árann

Teil: (0505) 25310
Facs: (0505) 25334
Láithreán Gréasáin: www.civildefence.ie

Prn. A5/1532
ISSN. 1649-7678